


An Clár Bí Sábháilte



bí
sábháilte

Scileanna Sábháilteachta Pearsanta le haghaidh

Rang a 3 & Rang a 4



Rang a 3 & Rang a 4

AN CLÁR BÍ SÁBHÁILTE
Le Deirdre MacIntyre agus Maria Lawlor

Chomhordaigh Patricia Shanahan ábhar agus forbairt
an eagráin seo

Arna fhoilsiú den chéad uair in 1991
Foilsiódh an t-eagrán athbhreithnithe seo in 2016

© An Clár um Chosc ar Mhí-Úsáid Páistí 2016

Buíochas

Buíochas ó chroí leo siúd ar fad a bhí páirteach san athbhreithniú ar an gClár Bí Sábháilte lena n-áirítear:

- An chroí-fhoireann forbartha ina raibh Patricia Shanahan, Marion Hefferon, Eimear Berry agus Marion McHugh
- Niamh Murphy, Anne Flynn, Deborah James agus Maria Lawlor ó fhoireann Frithbhulaíochta 'Cool School' C.A.M.H.S. Dheisceart na Mí
- Baill d'fhoireann Sláinte agus Folláine SFGM a chuidigh le hathbhreithniú ar ábhar agus acmhainní
- Kathleen McFadden a thug go leor de na scéalta sna ceachtanna seo.
- Múinteoirí agus páistí ó Bhunscoil Naomh Raphael, Baile Formaid agus Bunscoil Mhuire na Trócaire, Sligeach a ghlac páirt i dtaifeadadh amhrán agus ábhar closamhairc
- Múinteoirí agus páistí a ghlac páirt sa chlár athbhreithnithe píolótach
- Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna as athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar
- An Roinn Oideachais agus Scileanna as foilsiú an phacáiste seo a mhaoiniú.



Dearadh Grafach le **jean langley** graphic design services 087 2249 752

Léaráidí le Fintan Taite

Fuaim le Sound T Audio

Clár Ábhair

Bí Sábháilte: Treoir don Mhúinteoir

An Clár Bí Sábháilte.....	1
An Clár a chur i bhfeidhm.....	5
Bí Sábháilte a Theagasc	7
Tagairtí	10
Naisc	11
Aguisín A – Litir Shamplach chuig Tuismitheoir	13

Na Ceachtanna Bí Sábháilte

Comhtháthú sa Churaclam ar Fad	14
Topaic 1: Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte.	17
Topaic 2: Cairdeas agus Bulaíocht	31
Topaic 3: Tadhaill.	55
Topaic 4: Rúin agus Insint	67
Topaic 5: Strainséirí	73

AN CLÁR BÍ SÁBHÁILTE

Treoir don Mhúinteoir

Is clár scileanna do shábháilteacht phearsanta é an clár Bí Sábháilte do bhunscoileanna. Is é aidhm an chlár an baol a bhaineann le mí-úsáid páistí agus le bulaíocht a mhaolú tríd oideachas i sábháilteacht phearsanta a sholáthar do pháistí agus oiliúint a chur ar mhúinteoirí, ar bhoird bhainistíochta scoileanna agus ar thuismitheoirí.

Tá sé leagtha amach ó thaobh na forbartha de chun cur ar chumas múinteoirí bunscoile oideachas ar chosc ar mhí-úsáid a sheachadadh ina dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna sábháilteachta pearsanta amhail mí-úsáid fhisiceach, mhothúcháinach agus mí-úsáid ghnéasach chomh maith le bulaíocht agus an baol ó strainséirí.

Ón gclár Bí Sabhailte foghlamaíonn leanaí:

- Maidir le Mothúcháin: Chun tábhacht mothúcháin a aithint; an chaoi chun iad a chur in iúl go cuí agus go háirithe mothúcháin neamhshábháilte a aithint
- Maidir le Cairdeas: Cairde a dhéanamh agus a choinneáil agus luach an chairdis
- Maidir le Bulaíocht: Cad is bulaíocht ann; straitéisí le déileáil le hiompar bulaíochta, agus nach bhfuil sé inghlactha riamh bulaíocht a dhéanamh ar dhaoine eile
- An tábhacht atá le muinín agus féinmheas a chothú
- Conas tadhall míchuí nó neamhshábháilte a aithint agus conas déileáil leis
- Go bhfuil sé ceart go leor diúltú do dhuine fásta i gcás ina bhfuil eagla orthu, nó go n-airíonn siad go bhfuil bagairt á déanamh orthu nó go bhfuil siad scanraithe
- Daoine fásta a bhfuil muinín acu astu a shainaithint, ar cheart dóibh insint dóibh má mhothaíonn siad scanraithe, faoi bhagairt, imníoch nó neamhshábháilte ar bhealach ar bith
- Tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfadh duine breab a thabhairt dóibh, bob a bhualadh orthu nó bagairt a dhéanamh orthu chun rún a choinneáil
- Ní orthu féin a bhíonn an locht riamh má dhéantar leatrom nó bulaíocht orthu
- Nár cheart dóibh dul in aon áit in éineacht le strainséir go deo ná glacadh le haon ní ó strainséir
- Teanga chuí le rud a insint
- Na rialacha Bí Sábháilte:

Abair ‘Stop’, Imigh Leat, agus Inis do Dhuine Éigin É
Níor chóir duit rún faoi thadhall a choinneáil riamh
Ná téigh in aon áit in éineacht le strainséir go deo
agus ná glac le haon ní ó strainséir

Cuirtear an bhéim ar an tábhacht atá le muinín agus féinmheas a chothú agus treallús agus cumarsáid shoiléir láidir a fhorbairt síos tríd an gclár. Múintear do pháistí nach orthu atá an locht má dhéantar bulaíocht nó mí-úsáid orthu.

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

“Cuireann oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS) deiseanna sonracha ar fáil chun forbairt phearsanta, sláinte agus folláine an linbh aonair a chothú, chun cuidiú leis/léi caidreamh taciúil le daoine éagsúla a chruthú agus a choinneáil agus a bheith ina s(h)aoránach gníomhach freagrach sa tsochaí. Trí chlár don OSPS atá pleanáilte agus comhsheasmhach ar fud na scoile, is féidir le páistí creatlach de luacha, dearcadh, tuiscint agus scileanna a fhorbairt a thabharfaidh treoir dá gcinntí agus dá ngníomhartha san am i láthair agus san am atá le teacht. Tá gné mhorálta agus spioradálta le OSPS, bíonn tionchar suntasach ag éiteas nó spiorad saintréitheach na scoile ar a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú.” (Curaclam OSPS, lch 2)

Is gá do gach bunscoil an Clár Bí Sábháilte a fhorfheidhmiú ina iomláine (Ciorclán 65/2011 ROS) laistigh de chomhthéacs an churaclaim Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte.

Ba cheart gur próiseas comhoibritheach a bheadh i bhforfheidhmiú an chlár Bí Sábháilte ina mbeadh tuismitheoirí, múinteoirí agus pobal na scoile níos leithne páirteach agus cur chuige níos comhordaithe á ghlacadh i leith cosaint páistí agus mí-úsáid páistí a chosc tríd oideachas i scileanna sábháilteachta.

An réasúnaíocht le haghaidh an Chlár Bí Sábháilte

Níl aon teorainneacha ag mí-úsáid páistí. Tarlaíonn sé ag gach leibhéal socheacnamaíoch, is cuma cén cúlra eitneach agus cultúrtha atá ag duine, agus tarlaíonn sé i ngach creideamh agus ag gach leibhéal oideachais.

Tá páistí ar baineadh mí-úsáid astu agus a bhfuil faillí á dhéanamh orthu i mbeagnach gach scoil sa tír. Léirítear i dtaighde go bhfuil os cionn leath de na páistí a mbaintear mí-úsáid astu ag dul ar scoil.

Léirítear i dTuarascáil Bhliantúil 2015 na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, TUSLA go ndearadh 43,596 cás a atreorú chuig Seirbhísí um Chosaint agus Leas Leanaí in 2015.

In 2002, tugadh le fios i dtuarascáil SAVI gur thuairiscigh duine as cúigear ban (20.4 faoin gcéad) agus duine as seisear fear (16.2 faoin gcéad) gur tharla mí-úsáid ghnéasach teagmhála dóibh ina bpáistí. (SAVI, 2002)

Taispeántar i dTuarascáil Lónra Géarchéime um Éigniú na hÉireann 2014:

- D'inis 63% d'íospartaigh a d'fhreastail ar Ionad Géarchéime um Éigniú (RCC) in 2014 gur tharla an foréigean gnéasach dóibh nuair a bhí siad ina bpáistí.
- Bíonn aithne ag déantóirí na coire i gcásanna foréigean gnéasach ar an duine ar a ndéanann siad an mhí-úsáid i bhformhór cásanna (93%).
- B'fhir iad formhór mór (96%) de na daoine a rinne foréigean gnéasach i gcoinne íospartach, idir fhir agus mhná. Meascáin a bhí i líon beag d'fhir agus de mhná ag gníomhú le chéile (3%), nó mná ag gníomhú astu féin (1%).
- Nochtaigh íospartaigh a bhí faoi bhun 13 bliana d'aois nuair a tharla an foréigean go coitianta gur baill teaghlaigh/gaolta a bhí sna mí-úsáideoirí (45%).
- Ba pháistí eile a rinne beagnach ceathrú cuid (23%) den fhoréigean gnéasach a rinneadh ar pháistí faoi 13 bliana d'aois.
- D'inis 66% de dhaoine ar baineadh mí-úsáid astu agus iad ina bpáistí a d'fhreastail ar RCC faoin mí-úsáid ar dtús dá dtuismitheoirí.

Táthar ag aithint go bhfuil ról scoileanna in oideachas ar chosc ríthábhachtach chun an líon páistí atá leochaileach don mhí-úsáid a laghdú.

"Is mar gheall ar mhí-úsáid páistí is mó go dtarlaíonn fadhbanna mothúchána, iompraíochta, agus sláinte ó thús deireadh an tsaoil. Is féidir é a chosc chomh maith. Tá sé faighte amach i gclár ar scoil don oideachas luath-óige agus réamhscoile chun mí-úsáid a chosc go bhfuil na cláir éifeachtach ó thaobh eolas na ndaltaí agus iompraíochtaí cosanta a mhéadú." (Brassard and Fiorvanti, 2015)

Mar aon le leochaileacht páistí do mhí-úsáid, tá sé mar aidhm ag an gclár Bí Sábháilte folláine agus treallús a mhéadú trí eolas, scileanna agus straitéisí a thabhairt do pháistí ar bhealach atá oiriúnach dá n-aois, le ceachtanna agus acmhainní arna struchtúru go forbartha chun iad a chumhachtú.

Léirigh taighde maidir le patrúin nochta i measc páistí, tar éis a rannpháirtíocht sa chlár Bí Sábháilte, gur mhó an seans gur thuairiscigh an páiste an mhí-úsáid, gur mhó an seans go n-inseodh siad dá múinteoirí, agus gur mhó an seans go mbeadh bunús leo (MacIntyre & Carr, 1999b).

Páistí a bhfuil leochaileachtaí speisialta acu

Tá sé faighte amach tar éis blianta taighde go bhfuil páistí a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu i mbaol níos mó ó na cineálacha éagsúla mí-úsáide agus íosparta. Áirítear le

tosca lena mbaineann riosca níos mó de mhí-úsáid páistí:

- Tuismitheoir amháin nó beirt thuismitheoirí a bheith in easnamh
- Úsáid alcóil nó drugaí i dteaghlach an íospartaigh
- Míchumas fisiceach a bheith ag an duine
- Aire a bheith á thabhairt dóibh ag duine seachas na tuismitheoirí
- Míchumas foghlama a bheith ag an duine
- Deacrachtaí sóisialta nó mothúchána a bheith ag an duine

(e.g. Davies & Jones, 2013; Putnam, 2003)

Taispeántar i staidéir ar dhéantóirí coire go ndíríonn mí-úsáideoirí páistí ar pháistí leochaileacha a bhfuil tréithe, iompair agus saintréithe áirithe acu a cheapann na déantóirí coire go mbeidh siad in ann a láimhsiú. Lorgaíonn déantóirí coire eile páistí faoi mhíchumas, nó páiste atá as féin nó a dtugtar aire dó in áit éigin scartha amach óna theaghlach.

Tugtar le fios i bhfianaise taighde go bhfuil seans 3 nó 4 huaire níos mó go ndéanfaí faillí nó go mbainfí mí-úsáid as páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, 3.8 uaire níos mó seans go ndéanfaí faillí orthu.

Tá go leor cúiseanna go mbíonn páistí éagsúla a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu níos leochaillí agus áirítear orthu:

- Bacainní cumarsáide
- Dearchtaí agus breithiúnais sa tsochaí nach dtarlaíonn mí-úsáid do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Spleáchas
- Drogall dúshlán a thabhairt do chúramóirí
- Easpa rannpháirtíochta agus rogha i gcúrsaí cinnteoireachta
- Leibhéil níos airde bulaíochta agus cláir theoranta faoi shábháilteacht phearsanta agus oideachas pearsanta, sóisialta agus gnéis.. (UK Dept. of Children, Schools and Families, 2009)

Tarlaíonn bulaíocht níos minice chomh maith do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus is mó an seans go mothóidh siad aonarach, uaigneach, agus eisiata go sóisialta (An tÚdarás Náisiúnta Míchumais (2014). Ní féidir an iomarca béime a chur ar an tábhacht a bhaineann le príomhtheachtaireachtaí an chláir Bí Sábháilte a sheachadadh do pháistí leochaileacha, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Anuas air sin, tá sé riachtanach go gcinntíonn gach scoil (príomhshrutha agus speisialta) go gcuimsítear páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gceart in oideachas caidrimh agus gnéasachta agus go leanann an fhoireann ar fad, foireann choimhdeach agus cúntóirí riachtanas speisialta san áireamh, beartas OCG na scoile.

I gcás páistí leochaileacha agus iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, tá oideachas uileghabhálach ina chuid lárnach den réiteach ar leithlisiú agus d'fhéadfadh sé cuidiú le riosca na mí-úsáide páistí agus bulaíochta a laghdú. Nuair a fhoghlaimíonn páistí taobh lena bpiaraí, forbraíonn siad muinín agus treisítear a scileanna sóisialta agus cumarsáide. Dearadh na ceachtanna Bí Sábháilte le haghaidh éagsúlacht leathan foghlaimíochta agus stíleanna foghlama agus éascaíonn siad cur chuige cuimsitheach. I gcás páistí a bhfuil leochaileachtaí ar leith nó riachtanais speisialta oideachais acu, ba cheart riachtanais aonair a aithint agus dul i ngleic leo trí dhifreáil agus nuair is cuí, ba cheart oiriúintí nó tacaíochtaí aonair níos dírithe a chur i bhfeidhm agus a áireamh san IEP.

Dífreáil

I gcás difreála is gá don mhúinteoir a chur chuige a athrú d'fhonn freastal ar stíleanna foghlama, leibhéil chumais agus suimeanna éagsúla. Tacaítear i gcuraclam OSPS le húsáid raon leathan modheolaíochtaí don fhoghlaim ghníomhach mar a luadh níos túisce.

Dá mhéid éagsúlachta sna modheolaíochtaí a úsáideann an múinteoir, is amháin is mó slite agus pointí iontrála chuig an bhfoghlaim a chuirtear ar fáil don pháiste. Cuideoidh príomhtheachtaireachtaí agus rúin foghlama ag tús gach ceachta de chuid Bí Sábháilte le múinteoirí an teagasc agus an fhoghlaim a dhifreáil dá gcuid daltaí.

Mar chuid de chur chuige difreáilte ba cheart do scoileanna smaoineamh freisin ar an bhfiúntas atá leis an bhfoclóir ábhartha a mhúineadh roimh ré agus chun príomhtheachtaireachtaí a atreisiú mar chuid de thacaíocht foghlama nó de thréimhse teagaisc acmhainní. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag cúntóirí riachtanas speisialta freisin, faoi threoir an mhúinteora ranga, chun foghlaim na bpríomhtheachtaireachtaí a atreisiú agus a chomhdhlúthú.

Anuas ar an gcur chuige ilmheán, bíonn scóip níos mó i gcomhair difreála ann nuair a úsáidtear éagsúlacht leathan modhanna teagaisc agus nuair a chuirtear gníomhaíochtaí forleathnúcháin san áireamh.

D'fhéadfadh na straitéisí seanbhunaithe seo chun teagasc agus foghlaim a dhifreáil a bheith úsáideach: KUDo'S, Tacsanomaíocht Bloom, Ceachtanna srathacha, Grúpáil sholúbtha, Cláir an mhadra rua agus an ghé, TFC a úsáid, Ceistiú athraitheach.

Bulaíocht

Is é cúram scoile oideachas oiriúnach a sholáthar do gach duine dá daltaí. Teastaíonn timpeallacht foghlama atá cobhsaí agus slán, le gur féidir é sin a dhéanamh. Ní féidir oideachas sásúil a chur ar fáil má bhíonn iompar bulaíochta ar siúl. Taispeánann an taighde go bhféadfaidh

éifeachtaí sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma a bheith ag an mbulaíocht ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach daltaí, ar an spéis a chuireann siad ina gcuid foghlama, ar a bhféinmhuinín agus ar a gcumas chun a dtoilmbhianta agus a n-ábhar spéise a shaothrú.'

(Gnásanna Frithbhulaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna, 2013; 1.1)

Sainmhínítear bulaíocht i ngnásanna na Roinne Oideachais agus Scileanna mar iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear le bulaíocht duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó; cúlchaint mhailíseach; caidreamh bulaíochta; cibearbhulaíocht; bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach/thrasfóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

In 2013, d'eisigh an Roinn Oideachais ciorclán 45/2013 ina leagtar amach go soiléir riachtanais scoileanna chun beartas frithbhulaíochta a fhorbairt a chloíonn go hiomlán le Gnásanna Frithbhulaíochta na Roinne Oideachais.

Is féidir teacht ar Chiorclán 45/2013 ag http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/clo045_2013.pdf, agus ar na gnásanna ag <http://http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Bula%C3%ADocht/Gn%C3%A1sanna-Frithbhula%C3%ADochta-i-Scoileanna.html>

Tá ábhar tacaíochta agus acmhainní eile ar fáil ag <http://www.pdst.ie/ga/node/4610> agus <https://www.webwise.ie/ga/category/muinteoiri-ga/acmhainni-don-seomra-ranga-ga/>

Mí-úsáid Páistí

Is féidir mí-úsáid páistí a rangú i gceithre chineál: faillí, mí-úsáid mhothúcháin, mí-úsáid fhisiceach agus mí-úsáid ghnéasach. D'fhéadfadh páiste a bheith thíos de bharr cineál amháin mí-úsáide nó níos mó ag aon am amháin. Baintear níos mó ná cineál amháin mí-úsáide as formhór páistí a mbaintear mí-úsáid astu. Mar shampla, d'fhéadfaí mí-úsáid fhisiceach agus mí-úsáid mhothúcháinach tarlú do leanbh a mbaintear mí-úsáid ghnéasach astu.

Bíonn sé deacair faillí nó mí-úsáid páistí a shainaithint go minic agus d'fhéadfadh sé bheith ann ar go leor bealaí. Tá sainmhínte agus comharthaí agus comharthaí sóirt na mí-úsáide agus faillí le fáil in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*, 2011 agus in *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile na Roinne Oideachais agus Scileanna*. Tá cáipéisí ar fáil lena n-íoslódáil, mar seo a leanas:

Tús Áite do Leanaí: http://www.dcy.gov.ie/documents/publications/Children_First_Report_IRISH_LR.pdf

Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí na Roinne Oideachais agus Scileanna: http://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Eolas/Cosaint-Leana%C3%AD/cp_procedures_primary_post_primary_2011_ir.pdf

Treoirínite maidir le haitheantas

Cuirtear béim in Tús Áite do Leanaí go bhféadfadh an cumas atá ag duine drochúsáid leanaí a aithint a bheith ag brath an oiread céanna ar a thoilteanaí is atá an té sin glacadh leis go bhféadfadh drochúsáid ag tarlú agus bhraithfeadh sé ar an eolas agus an fhaisnéis atá aige nó aici. Anuas air sin, cuireann sé i gcuimhne dúinn:

- Ní gá gurb ionann déine an chomhartha agus déine na mí-úsáide.
- D'fhéadfadh faillí a bheith chomh marfach le mí-úsáid fhisiceach.
- D'fhéadfadh dochar tromchúiseach agus fadtéarmach tarlú mar gheall ar mhí-úsáid ag leibhéal íseal a tharlaíonn go minic.
- Níl mí-úsáid leanaí teoranta do ghrúpa socheacnamaíoch, inscne nó cultúr ar bith.
- Níor cheart go ndéanfaí mí-úsáid ar pháiste nó ar dhuine óg mar gheall ar iompar dúshlánach.
- Is féidir dochar a dhéanamh do dheana-bhail fhisiceach, mhothúcháin agus shíceolaíoch linbh má nochtfaí é nó í d'fhoréigean baile.
- Cé go bhfuil an tionchar is mó ag faillí ar pháistí óga, bíonn drochthionchar aige chomh maith ar ógánaigh.
- Uaireanta bíonn sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir táscaire mí-úsáide agus deacrachtaí eile a bhíonn ag páistí agus teaghlaigh.
- D'fhéadfadh sé a bheith deacair dul i ngleic le teaghlaigh ina ndéantar faillí.
- D'fhéadfadh teaghlaigh ina bhfuil faillí agus mí-úsáid ar siúl go leor rudaí a dhéanamh chun dallamullóg a chur ar ghairmithe.
- Is gá go mbeadh scileanna breithnithe agus anailíseach ag oibrithe sóisialta chun an cineál caidrimh idir tuismitheoir agus páiste a thuiscint, chun comharthaí neamhchomhlíonta a thuiscint, le hoibriú le teaghlach, agus le teacht ar bhreithnithe sábháilte agus bunaithe ar fhianaise maidir leis an ngníomh is fearr a ghlacadh.

- Agus tú ag obair sa réimse a bhaineann le mí-úsáid agus faillí páistí, bíonn tú ag déileáil le neamhchinnteacht.

An Mí-úsáideoir

Cé gur mó an seans go ndéanfaidh tuismitheoir nó cúramóir mí-úsáid ar pháiste, d'fhéadfadh duine fásta eile nó páiste nó ógánach eile mí-úsáid a dhéanamh chomh maith. Bíonn aithne mhaith ag an bpáiste agus a t(h) eaghlach ar fhormhór mí-úsáideoirí.

D'fhéadfadh sé gur fear nó bean é an mí-úsáideoir, ag aois ar bith agus ó aon chúla sóisialta. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go ndearnadh mí-úsáid ar an mí-úsáideoir féin. Fir is ea iad formhór na mí-úsáideoirí gnéis atá ar eolas. (RCNI, 2014)

An tíospartach

D'fhéadfadh páiste ar bith a bheith ina íospartach mí-úsáide. D'fhéadfadh páistí a bheith ina n-íospartaigh ag mí-úsáid páistí ag aois ar bith ón gliabhán amach. Baineann formhór na gcásanna de mhí-úsáid ghnéasach páistí a bhfuil eolas fúthu le páistí idir ceithre bliana agus dhá bhliain déag d'aois. Tá buachaillí chomh leochaileach le cailíní.

Tosca cosantacha iad muinín agus treallús.

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí na Roinne Oideachais agus Scileanna

Caithfidh gach scoil Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhuscoile na Roinne Oideachais agus Scileanna a ghlacadh agus a fhorfheidhmiú go foirmiúil, gan iad a athrú, mar chuid dá mbeartas foriomlán um chosaint leanaí.

Ní mór do gach pearsanra scoile feidhmiú de réir nósanna imeachta um chosaint leanaí na Roinne Oideachais 2011 ina luaitear:

'Sa chás go ndéantar líombain le duine den fhoireann nó go mbíonn duine den fhoireann in ambras gur tugadh drochúsáid nó faillí ar leanbh, nó go bhfuil drochúsáid nó faillí á dtabhairt ar leanbh, nó go bhfuil leanbh i mbaol drochúsáid nó faillí a thabhairt air, déanfaidh an fostaí sin de chuid na scoile, gan mhoill, tuairisc ar an gcás a thabhairt don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe sa scoil.'

(Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais 4.1 lch 26)

Daoine fásta a ngoilleann mí-úsáid orthu

D'fhéadfadh sé go bhfuil taithí phearsanta dhíreach nó taithí teaghlaigh ar mhí-úsáid páistí ag roinnt úsáideoirí den Chlár Bí Sábháilte. Dhéileáil mórán acu leis le líonra tacaíocht ón teaghlach agus ó chairde. Mar sin féin, d'fhéadfadh caint maidir le mí-úsáid páistí cuimhní cinn agus mothúcháin ghoilliúnacha a spreagadh iontu. Ba cheart go mbeadh a fhios ag aon duine a bhfuil an clár ag dul i gcion orthu ar an gcaoi sin gur minc gur gá do dhaoine fásta ar baineadh mí-úsáid astu ina n-óige labhairt le duine báuil i dtimpeallacht shábháilte agus faoi rún, e.g. comhairleoir gairmiúil, agus go gcuidíonn sé sin leo. Chun an próiseas cneasaithe a éascú tá sé tábhachtach go dtabharfaí am agus spás chun é sin a dhéanamh. Cuireann eagraíochtaí éagsúla tacaíocht agus comhairle ar fáil maidir leis an gcomhairleoireacht sin. (Feic na Naisc, leathanach 11)

An Clár a chur i bhfeidhm

Réamhobair/Obair chomhthreomhar

Ba cheart an Clár Bí Sábháilte a theagasc i gcomhthéacs an oideachais shóisialta, phearsanta agus shláinte. Tá sé bunaithe ar na croí-ghnéithe seo a leanas, a bhfuil gach ceann díobh ina cuid lárnach den churaclam OSPS.

- Féinmheas páistí a chothú
- Muinín páistí a fhorbairt
- Cur ar chumas páistí a bheith treallúsach
- Cuidiú le páistí a mothúcháin a shainaithint agus a chur in iúl.

I gcomhthéacs leathan seo an OSPS, comhábhar tábhachtach den chlár is ea an réamhobair/obair chomhthreomhar.

Mothúcháin

Sula dtugtar isteach na ceachtanna Bí Sábháilte, tá sé tábhachtach gur féidir le páistí mothúcháin éagsúla a ainmniú agus a aithint agus go bhfuil dóthain deiseanna acu chun topaic na mothúcháin a phlé go ginearálta. Is féidir na comhraite seo a chomhtháthú i rith an churaclaim in áiteanna mar fhorbairt teanga ó bhéal agus scríofa, drámaíocht, filíocht agus scéalta. Féadfaidh tuismitheoirí agus múinteoirí cabhrú le páistí foghlaim go gcabhraíonn ár mothúcháin linn muid féin a thuiscint níos fearr. Tá sé tábhachtach chomh maith go bhfoghlaimíonn páistí an tslí chun mothúcháin éagsúla a chur in iúl agus déileáil leo ar bhealach oiriúnach.

Tá ceachtanna breise sa chlár Misneach a chabhraíonn le daltaí ag gach leibhéal ranga chun mothúcháin a ainmniú, a aithint agus a thuiscint.

Féinmheas

Lena chinntiú go gcuirtear an clár in iúl i gceart, tá sé tábhachtach go n-úsáideann múinteoirí, tuismitheoirí agus daoine fásta suntasacha eile i saol an pháiste gach deis féideartha chun féinmheas agus muinín an pháiste a fhorbairt. Ba cheart dá bhféadfaí é na gníomhaíochtaí a chomhtháthú sa churaclam ar fad. Tá sé tábhachtach na straitéisí céanna a úsáid ar scoil agus sa bhaile. Tá féinmheas ard ríthábhachtach do shonas agus do shástacht páiste. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin, go bhfuil an baile agus an scoil feasach ar fhorbairt chomhchuí féinluacha páistí a chur chun cinn. Teastaíonn grá, slándáil agus cúram ó gach páiste. Teastaíonn uathu chomh maith

fios a bheith acu go bhfuil meas orthu sa bhaile, ar scoil agus sa seomra ranga.

Treallús

Is é is treallús an cumas a bheith in ann seasamh suas do chearta an duine féin gan a bheith ionsaitheach. Tugtar cead do pháistí sna ceachtanna Bí Sábháilte “Níl” a rá i gcúinsí áirithe. Ar an mbealach seo, féadfaidh siad cabhrú chun treallús páistí a fhorbairt. Tá sé riachtanach go mbeadh comhoibriú agus caidreamh idir tuismitheoirí agus múinteoirí lena chinntiú go mbíonn comhsheasmhacht idir an baile agus an scoil.

Teorainneacha Pearsanta agus Spás Coirp

Teastaíonn ó pháistí muintearas a bhrath lena spás pearsanta féin agus le spás pearsanta daoine eile. Múintear do pháistí níos óige an bhrí atá le pearsanta agus le príobháideach. Iarrtar orthu chomh maith liosta a dhéanamh de dhaoine ar mhaith nó nár mhaith leo croí isteach a thabhairt dóibh nó lámh a chroitheadh leo, etc. Pléann páistí níos sine an riachtanas atá acu féin agus ag daoine eile le haghaidh spás agus príobháideachas ina saol.

Scileanna Sábháilteachta Eile

Sula gcuirtear scileanna sábháilteachta pearsanta in iúl do pháistí, smaoiniamh maith a bheadh ann go mbeadh scileanna sábháilteachta atá ábhartha do réimsí eile mar sábháilteacht ar bhóithre; sábháilteacht uisce; sábháilteacht le cógais leighis, etc. foghlamtha ag páistí cheana féin.

Forbairt Teanga agus Stór Focal

Chun éifeachtacht na gceachtanna Bí Sábháilte a mhéadú, is fearr go mbeadh eolas ag na páistí ar an stór focal a úsáidfear sa cheacht sula dtosaíonn an ceacht.

Bunrialacha a leagan síos

Sula múintear ceachtanna Bí Sábháilte, d'fhéadfadh sé a bheith áisiúil do mhúinteoirí roinnt ama a chaitheamh ag leagan síos bunrialacha chun an clár a chur i bhfeidhm. D'fhéadfaí a áireamh sna rialacha sin: deis a thabhairt do gach duine labhairt; gan cur isteach ar dhaoine; meas ar a chéile agus ar na daoine fásta atá i gceannas; rúndacht; tacaíocht dá chéile; cothrom na féinne.

I ranganna Sóisearacha, d'fhéadfaí cúpla nóiméad ag tús gach ceachta a chaitheamh ag spreagadh daltaí chun úsáid

a bhaint as ‘Éisteacht leis an gCorp Uile’. Taispeáin do na páistí conas suí i gcomhair ‘Éisteacht leis an gCorp Uile’.

I dtosach, cuirimid an dá chos ar an urlár, tóin ar an suíochán, lámha ar na glúine, cluasa oscailte, súile ag féachaint anseo, inchinn ar siúl. Anois tá muid ag éisteacht leis an gcorp uile.

Abair leis na daltaí suí mar sin ar feadh roinnt nóiméad chun éisteacht leis an gcorp uile a chleachtadh. Cé na fuaimeanna a chloiseann siad timpeall na scoile?

Tá ‘Amhrán na hÉisteachta’ (Le fonn Frere Jacques) le fáil in acmhainní an mhúinteora do Naíonáin (Acmhainní an Mhúinteora 1).

An Clár a theagasc

Ba cheart an clár Bí Sábháilte a theagasc ina iomláine thar scoilbhliain amháin. Cuireann gach topaic leis an bhfoghlaim ón topaic roimhe. Ba cheart go gcinnteodh múinteoirí, dá bhrí sin go múintear topaicí i ndiaidh a chéile, ag tosú le Topaic 1 agus ag oibriú tríothe chuig Topaic 5.

Ba cheart do scoileanna dá bhféadfaidís é oibriú tríd an gclár in aon bhloc amháin mar go bhfuil sé níos éifeachtaí ar an mbealach sin. Pleanálann go leor scoileanna a gclár oibre OSPS lena chinntiú go bhfuil an clár á dhéanamh ag gach rang ag an am céanna.

Úsáidtear cur chuige ilmhéan sa chlár Bí Sábháilte chun foghlaim agus sealbhú coincheapa a bhreisiú. Mar aon le snáithe eile den churaclam OSPS, tá go leor den ábhar Bí Sábháilte bunaithe ar phróiseas agus ar phatrúin iompair a leagan síos. Dá bhrí sin, cuirtear béim sa phróiseas teagaisc ar fhoghlaim ghníomhach agus rólimirt. Ní leor go gcuimhníonn páistí ar na scileanna sábháilteachta pearsanta a fhoghlaimíonn siad ach is gá go mbeidís in ann na scileanna seo a úsáid ina saol gach lá.

D'fhoghlaim daltaí níos mó agus bhí siad ina máistrí níos fearr ar scileanna nuair a bhain an oiliúint leis na daltaí ag dul i ngleic le cleachtadh gníomhach, agus go ndearnadh cruthú agus atreisiú ina dhiaidh sin...

(Curaclam OSPS, Ich 8)

Cuireann am scoile don OSPS spás ar fáil do mhúinteoirí chun saincheistanna mothálacha a láimhseáil nó chun iniúchadh a dhéanamh ar shaincheistanna nach dtugtar aghaidh orthu i réimsí eile den churaclam. Tugann sé am agus scóip ar leith do dhaltaí chun scileanna áirithe a fhorbairt agus a chleachtadh chomh maith. Agus saincheistanna mothálacha a láimhseáil, luaitear i gcuraclam OSPS

'bheadh sé níos oiriúnaí, b'fhéidir, don mhúinteoir é a eagrú i mbloic ama agus úsáid a bhaint as de réir mar is gá seachas cloí le tréimhse ainmnithe ama i ngach seachtain.'

Tosaíonn gach topaic le breac-chuntas ar an gcaoi ar féidir an topaic a mhapáil thar an gcuraclam OSPS agus réimsí curaclaim ábhartha eile.

Trí chur chuige comhtháite a úsáid, beidh múinteoirí in ann a bheith solúbtha leis an amchlár le haghaidh am scoile.

Timthriall Dhá Bhliain OSPS

Cuirtear curaclam OSPS i láthair i dtrí shnáithe: *Mise, Mise agus Daoine Eile* agus *Mise agus an Domhan Mór*. Roinntear gach snáithe ansin ina shnáithaonaid. Tá naoi snáithaonad do gach rang ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Dó agus deich snáithaonad do gach rang ó Rang a Trí ar aghaidh.

Snáitheanna	Snáithaonaid
Mise	Féinaithne Ag Tabhairt Aire do mo Chorp Ag Fás agus ag Athrú Sábháilteacht agus Cosaint Ag Déanamh Cinntí (Rang a 3 go 6)
Mise agus Daoine Eile	Mise agus mo Mhuintir Mo Chairde agus Daoine Eile Caidreamh le daoine eile
Mise agus an domhan mór	Oideachas na meán cumarsáide Ag forbairt Saoránachta

Ba cheart snáithe uile an churaclaim OSPS a theagasc thar thimthriall dhá bhliain. Molann CNCM go gcinntíonn múinteoirí go gclúdófaí snáithaonaid ó gach ceann de na trí shnáithe, *Mise, Mise agus Daoine Eile* agus *Mise agus an Domhan Mór*, i ngach scoilbhliain.

Forbraíonn go leor scoileanna plean dhá bhliana don OSPS, ag roinnt snáithaonaid ionas go mbíonn gach rang, ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé ag clúdach na snáithaonaid chéanna ag an am céanna gach bliain.

Mar aon lena chinntiú go gclúdaítear gach snáithe agus snáithaonad mar a mholtar i dtreoirilínte curaclaim OSPS, cinntíonn an cur chuige seo go gclúdaíonn daltaí na snáithaonaid seo go cuí i ranganna ilghráid.

Dearadh an teimpléad forfheidhmithe seo a leanas don churaclam OSPS lena chinntiú go gclúdaítear gach snáithe agus gach snáithaonad mar a mholtar i dtreoirilínte curaclaim OSPS.

Léargas Ginearálta ar Ábhar chun OSPS a nascadh le Bí Sábháilte athbheithnithe

Snáitheanna	Snáithaonaid (Bliain 1)	Snáithaonaid (Bliain 2)
Mise	Féinaithne Sábháilteacht agus Cosaint Ag Déanamh Cinntí (Rang a 3 go 6)	Ag Tabhairt Aire do mo Chorp Ag Fás agus ag Athrú
Mise agus Daoine Eile	Mo Chairde agus Daoine Eile	Mise agus mo Theaghlac Caidreamh le daoine eile
Mise agus an domhan mór	Oideachas na Meán Cumarsáide	Ag Forbairt Saoránachta

Pleananna Ceachta Bí Sábháilte

Tá an clár Bí Sábháilte saincheaptha ó thaobh na forbartha de agus tá ceithre shraith ceachtanna ann atá oiriúnach do na Naíonáin, rang a 1 agus rang a 2, rang a 3 agus rang a 4, agus rang a 5 agus rang a 6. Tá an cur chuige comhoiriúnach le struchtúr an churaclaim OSPS. Roinntear na pleananna ceachta sna cúig Topaic Bí Sábháilte:

- Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte
- Cairdeas agus Bulaíocht
- Tadhaill
- Rúin agus Insint
- Strainséirí

Tá na ceachtanna sa chlár Bí Sábháilte ar nós mar a bheadh fáinne ann, sa mhéid is go dtéitear siar ar ábhar den chineál céanna ag gach leibhéal agus tá na próisis, cur chuige agus faisnéis curtha in oiriúint le riachtanais páistí ag am ar leith agus ag a gcéimeanna éagsúlachta ullmhachta a léiriú.

Struchtúr na gCeachtanna

Ag tús gach topaice, tá bunús na topaice sin, an mhapáil ábhartha do réimse curaclaim eile agus stór focal rithabhachtach le fáil. Tá príomhtheachtaireachtaí, acmhainní riachtanacha, rún foghlama, réamhrá, forbairt an cheachta agus conclúid i ngach plean ceachta. Tá moltaí maidir le hobair leanúnach / forleathnúcháin i roinnt ceachtanna. Tá Bileoga Oibre agus Naisc Baile is Scoile le fáil ag deireadh gach topaice.

Tá lipéad agus uimhir ar Acmhainní an Mhúinteora (AM), bileoga oibre (BO) agus Naisc Baile is Scoile (BO/Nasc Baile is Scoile) do gach leibhéal.

Is féidir rochtain a fháil ar an ábhar agus ar na hacmhainní teagaisc don chlár Bí Sábháilte ar an DVD a ghabhann leis agus Acmhainní an Mhúinteora atá ar fáil ar www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Cur Chuige agus Modhanna Teagaisc

Mar aon le snáithe den churaclam OSPS, tá go leor den ábhar Bí Sábháilte bunaithe ar phróiseas agus ar phatrúin iompair a leagan síos. Dá bhrí sin, cuirtear béim sa phróiseas teagaisc ar fhoghlaim ghníomhach agus rólímirt. Ní leor go gcuimhníonn páistí ar na scileanna sábháilteachta pearsanta a fhoghlaimíonn siad ach is gá go mbeidís in ann na scileanna seo a úsáid ina saol gach lá.

Cuirtear na pleananna ceachta in oiriúint ó thaobh na forbartha de. Úsáidtear cur chuige ilmheán sa chlár chun foghlaim agus sealbhú coincheapa a bhreisiú. Cuirtear coincheapa i láthair de réir a chéile. Forbraítear go nádúrtha gach ceacht nua bunaithe ar an gceacht roimhe sin.

I rith an chláir, úsáidtear cur chuige agus modhanna teagaisc cosúil le plé ranga/grúpa, foghlaim ghníomhach, obair chiorcail, rólímirt, foghlaim chomhoibritheach, réiteach fadhbanna, scileanna trí ábhar, cluichí comhoibritheacha, drámaíocht agus ealaín, chun rannpháirtíocht dalta a spreagadh agus chun foghlaim a chur chun cinn.

Measúnú

Is éard is measúnú ann ná an próiseas trína dhéantar eolas a bhailiú, a thairgeadh, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú faoi dhul chun cinn agus faoi ghnóthachtáil páiste maidir le forbairt a n-eolas, a gcuid scileanna agus a gcuid meonta. (CNCM, 2007, Lch7).

Tugtar breac-chuntas Measúnú i gCuraclam na Bunscoile - Treoirínte do scoileanna (CNCM) ar chuspóir an mheasúnaithe mar rud ‘a thugann pictiúr’ de dhul chun cinn agus/nó gnóthachtáil páiste thar am. Baineann measúnú, mar sin le faisnéis a bhailiú chun tuiscint níos fearr a fháil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag páiste agus an fhaisnéis seo a úsáid chun foghlaim an pháiste a bhreisiú. Dirítear sna treoirínte seo ar dhá chur chuige prionsabail le Measúnú:

- Measúnú ar an bhFoghlaim
- Measúnú chun Foghlama

Aithnítear sna treoirilínte measúnaithe nach ‘féidir gach rud a fhoghlaimíonn páiste a mheasúnú agus ní gá’ (CNCM, 2007, lch 12). Anuas air sin, luaitear sa churaclam OSPS:

In an-chuid cásanna tiocfaidh fíor-iarmhairt na foghlama in OSPS i bhfeidhm i bhfad tar éis don pháiste an bhunscoil a fhágáil. Mar an gcéanna, braithfidh gnóthú go leor de chuspóirí an churaclaím ar aibíocht mhothúcháinach, intleachtúil agus shóisialta an pháiste sa chaoi gur féidir difríochtaí móra a bheith sna rátaí dul chun cinn ó pháiste go chéile.

Is deacair freisin measúnú a dhéanamh ar éifeacht teachtaireachtaí pearsanta, sóisialta agus sláinte ar an bpáiste aonair agus ar an dóigh a ndéanann sé/sí an fhoghlaim a inmheánú.’ (Curaclam OSPS, lch 71)

Ach, is féidir roinnt modhanna measúnaithe, bunaithe ar na treoirilínte um Measúnú, lena n-áirítear dírbhreachnú an mhúinteora, comhdháil, ceistiú, mapáil choincheapa, féinmheasúnú, measúnú punainne, agus tascanna a dhearann an múinteoir a úsáid i rith an chláir

Tá tuilleadh faisnéis maidir le measúnú ar fud an churaclaím OSPS le fáil ag http://www.ncca.ie/uploadedfiles/IRISHPDF/SPHE_Cur.IR.pdf

An seans go bhféadfaí nochtadh a dhéanamh

Mar gheall gurb é an teachtaireacht bhunúsach atá sa chlár Bí Sábháilte go bhféadfaidh agus gur cheart do pháistí insint do dhuine fásta má tá fadhb acu, d’fhéadfadh sé go bhfaigheadh páiste sa rang misneach le dul i muinín múinteora. Ba cheart go mbeadh eolas ag múinteoirí ar

Páistí a ngoilleann mí-úsáid orthu

Mar gheall nach mbíonn a fhios ag scoileanna faoi pháistí áirithe a ndearnadh nó a bhfuil mí-úsáid á déanamh orthu faoi láthair, is fearr a bheith cúramach i gcónaí. I gcás ina bhfuil a fhios ag an scoil faoi chás ar leith, tá sé rithábachtach go labhrófaí le teaghlach an pháiste. D’fhéadfadh páistí a ndearnadh mí-úsáid orthu comharthaí anacra a léiriú agus b’fhéidir go mbeidís ag iarraidh é a insint arís nó labhairt faoina mí-úsáid. Is gá socruithe cuí a dhéanamh chuige seo sula dtéitear ar aghaidh leis na ceachtanna. D’fhéadfadh roinnt páistí faoiseamh a chur in iúl tar éis na gceachtanna. D’fhéadfadh sé seo tarlú mar gheall go dtuigeann siad go ndearnadh an rud céanna le páistí eile. Cabhraítear agus tacaítear freisin le páistí a ndearnadh mí-úsáid orthu nuair a deirtear leo nach orthu féin a bhí an locht faoin mí-úsáid.

nósanna imeachta na Roinne Oideachais maidir le freagairt go cuí d’amhras nó nochtadh maidir le mí-úsáid páiste.

Rannpháirtíocht Tuismitheoirí

Tá comhpháirtíocht le tuismitheoirí ina gné rithábachtach i gcur chun cinn agus i dtógáil scileanna saoil. Tá sé léirithe ag taighde go bhfuil nasc díreach ag rannpháirtíocht tuismitheora i gcláir um chosc mí-úsáide le rath níos mó an chláir. Is é is cúis leis seo an chumarsáid mhéadaithe idir an tuismitheoir/cúramóir agus an páiste maidir le saincheistanna mothálacha agus mí-úsáid. Anuas air sin, má bhíonn tuismitheoirí rannpháirteach, tugtar níos mó deiseanna do pháistí chun na coincheapa agus na teachtaireachta a fhoghlaimíonn siad a athrá.

Tá rannpháirtíocht tuismitheora ina cuid rithábachtach den chlár i dtéarmaí atreisthe agus leanúnachais.

Áirítear Nasc Baile is Scoile ar gach topaic síos tríd an gclár. Cuirfidh na Nasc Baile is Scoile seo tuismitheoirí / cúramóirí ar an eolas maidir leis na topaicí agus na ceachtanna ar leith atá á bplé sa rang agus conas is féidir na teachtaireachtaí a atreisiú sa bhaile.

Tá sé de cheart ag tuismitheoirí rogha a dhéanamh a bpáiste/bpáistí a thógáil amach as aon cheann de ghnéithe goilliúnacha an chláir OSPS, lena n-áirítear Bí Sábháilte más mian leo é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcuireann scoileanna tuismitheoirí/cúramóirí ar an eolas go bhfuil Bí Sábháilte á chur i bhfeidhm sa scoil. Déantar é seo de ghnáth nuair a chuirtear na páistí ar an rolla. Ba cheart do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an scoil má bhíonn aon cheisteanna acu nó aon imní orthu maidir le rannpháirtíocht a bpáiste sa chlár. Ba cheart do scoileanna oibriú le tuismitheoirí i dtaca le haon cheisteanna nó imní a d’fhéadfadh a bheith orthu. Ní gá toiliú tuismitheora a fháil i scríbhinn sula dtosaítear ag teagasc Bí Sábháilte. Ach, i gcás go dtarraingíonn tuismitheoir siar a pháiste ó rannpháirtíocht sa chlár, moltar do scoileanna taifead scríofa a choinneáil de na cúiseanna go ndearnadh sin.

Dea-chleachtas é chomh maith a chur in iúl do thuismitheoirí/chúramóirí sula dtosaíonn ceachtanna trí théacs nó nóta a sheoladh chucu. Féadfaidh tuismitheoirí ábhar na gceachtanna Bí Sábháilte a léamh ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte.

Tagairtí

Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile ciorclán 45/2013

Brassard agus Fiorvanti: School Based Child Abuse Prevention Programs, *Psychology in the Schools*, 52(1), 2015

Davies, E. A., & Jones, A. C. (2013). Risk factors in child sexual abuse. *Journal of Forensic and Legal Medicine*, 20(3), 146-150.

An Roinn Oideachais agus Scileanna, Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile 2011

An Roinn Oideachais agus Scileanna, Gnásanna Frithbhulaíochta, 2013; 1.1

An Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí, 2011

McGee H, Garavan R, deBarra M, Byrne J, Conroy R. Tuarascáil SAVI. Sexual Abuse and Violence in Ireland. A national study of Irish experiences, beliefs and attitudes concerning sexual violence. Baile Átha Cliath: Liffey Press, 2002

Kenny et al (2008). Child sexual abuse: From prevention to self-protection. *Child Abuse Review*, 17, 36–54.

MacIntyre, D. & Carr, A. (1999). The effects of child sexual abuse. *Journal of Child Centred Practice*, 6, (1), 87-126.

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais (2014). Preventing school bullying of children with Special Educational Needs or Disability. Baile Átha Cliath: NDA.

CNCM, Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna (2007)

Putnam, F. W. (2003). Ten-year research update review: Child sexual abuse. *Journal of the American Academy of Child & Adolescent Psychiatry*, 42(3), 269-278.

Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann, Staitisticí Líonra Éigeandála um Éigniú, 2014

Tusla, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Tuarascáil Bhliantúil 2015

UK Department for Children, Schools and Families, Safeguarding disabled children: practice guidance (2009)

Naisc

An tIonad Frithbhulaíochta

Bunaithe in DCU, déanann an tIonad Frithbhulaíochta (ABC) taighde maidir le bulaíocht ar scoil, bulaíocht san ionad oibre, bulaíocht homafóbach agus cibearbhulaíocht.
<http://www4.dcu.ie/abc/index.shtml>

Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (An Roinn Oideachais agus Scileanna)

<http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Eolas/Bulaíocht/Gnásanna-Frithbhulaíochta-i-Scoileanna.html>

Barnardos

Eagraíocht a chuireann teiripe ar fáil do pháistí a ndearnadh mí-úsáid ghnéasach orthu, agus seirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear comhairleoireacht, do theaghlaigh agus do ghrúpaí a dtéann mí-úsáid i bhfeidhm orthu.

1850 222 300

www.barnardos.ie

Fondúireacht CARI

Cuireann Fondúireacht CARI seirbhís ar fáil d'íospartaigh mhí-úsáide agus do bhaill a gcuid teaghlach nach mbaineann mí-úsáid astu.

1890 924567

<http://www.cari.ie/>

Childline

Seirbhís í seo atá á reáchtáil ag Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC) le haghaidh aon pháiste atá i dtrioblóid nó i mbaoil. Tá seirbhís tacaíochta téacs ag Childline – seol teachtaireacht téacs ‘Talk’ chuig 50101. Tá seirbhís téacs speisialta ar fáil do dhaoine óga a bhfuil bulaíocht á déanamh orthu, seol teachtaireacht téacs ‘Bully’ chuig 50101.

1800 66 66 66

www.childline.ie

Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí

http://www.sphe.ie/childprodownloads/sphe_chilpro_05_irish.pdf

Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile (An Roinn Oideachais agus Scileanna)

http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Child-Protection/cp_procedures_primary_post_primary_2011.pdf

Ionad Éigeandála um Éigníú Bhaile Átha Cliath

Tairgeann Ionad Éigeandála um Éigníú Bhaile Átha Cliath raon leathan seirbhísí do mhná agus d'fhir a gcuireann éigníú, ionsaí gnéasach, ciapadh gnéasach nó drochúsáid ghnéasach leanaí isteach orthu. Áirítear líne chabhrach náisiúnta a bhíonn ar fáil 24 uair an chloig in aghaidh an lae leis na seirbhísí.

1800 77 88 88

www.drcc.ie

Clár Bunscoileanna an Gharda Síochána

Tugann Gardaí pobail, mar chuid de Chlár Scoileanna na nGardaí, cainteanna uathu ar a dtugtar “Cumarsáid ar Líne le Meas”, a dhírítear ar dhaltai i rang a 5. Clúdaíonn siad raon topaicí lena n-áirítear cibearbhulaíocht agus ceisteanna ginearálta slándála agus sábháilteachta ar líne.

Más mian leat teacht ar cheann de na cainteanna sin, déan teagmháil leis an stáisiún Gardaí is gaire duit, nó le Clár Scoileanna na nGardaí ar 01 6663891.

Hotline.ie

Soláthraíonn hotline.ie áis gan ainm don phobal chun ábhar mídhleathach a bhfuil amhras faoi agus a fheictear ar an idirlíon a thuairisciú.

www.hotline.ie

1890 610 710

Líne Chabhrach LGBT

Cuireann an Líne Chabhrach LGBT tacaíocht éisteachta agus seirbhís faisnéise ar fáil do dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinsneacha mar aon lena dteaghlaigh agus a gcairde.

Teil. 1890 929 539

www.lgbt.ie

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)

Na hacmhainní a forbraíodh le tacú le Seimineáir agus Seisiúin Faisnéise um Chosaint Leanaí de chuid SFGM. Tá naisc ar na leathanaigh seo chomh maith chuig suíomhanna idirlín agus ábhair éagsúla a thacaíonn le forfheidhmiú iomlán ‘Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí’ agus ‘Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile’ de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

<http://www.pdst.ie/Child-Protection-Guidelines-Home>

Ábhar Tacaíochta Frithbhulaíochta SFGM

Tá sé i gceist go n-úsáidfeadh scoileanna ábhar tacaíochta frithbhulaíochta SFGM le cuidiú chun Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile na Roinne Oideachais agus Scileanna (2013) a fhorfheidhmiú.

<http://www.pdst.ie/ga/node/4610>

Bulaíocht Homafóbach agus Thrasfóbach a Chosc: Foilseachán INTO

Atmaisféar scoile atá fáilteach agus dearfach a chruthú chun bulaíocht homafóbach agus trasfóbach a chosc

https://www.into.ie/ROI/Publications/GLEN_Irish_Final.pdf

One in Four

Tugann One in Four tacaíocht d'fhir agus do mhná a ndearnadh mí-úsáid ghnéasach orthu ina bpáistí. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht an mhinicíocht mí-úsáide gnéasaí a laghdú trí idirghabháil i bpríomhréimsí de thimthriall na mí-úsáide.

www.oneinfour.ie

Líonra Géarchéime um Éigniú na hÉireann

Is ionad speisialta eolais agus acmhainní ar éigniú agus gach cineál foréigin ghnéasaigh é Líonra Géarchéime um Éigniú na hÉireann.

www.rcni.ie

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)

Acmhainní agus ábhair teagaisc le tacú le múinteoirí bunscoile agus scoileanna i bhforbairt beartas OCG agus i bhforfheidhmiú OCG i gcomhthéacs an churaclaim OSPS.

<http://www.pdst.ie/node/811>

An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta

Comhordaíonn, forbraíonn agus seachadann an tseirbhís seo raon tionscnamh agus struchtúr tacaíocht forbartha gairmiúil do phearsanra scoile atá ag obair le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna príomhshrutha, i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta.

<http://www.sess.ie>

An Clár Bí Sábháilte

Teach an Droichid, Ospidéal Ghort na Silíní, Baile Átha Cliath 10.

076 695 5547

www.staysafe.ie

TUSLA: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Tá an phríomhfhreagracht ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach sábháilteacht agus folláine leanaí a chur chun cinn. Ba cheart an ghníomhaireacht a chur ar an eolas i gcónaí nuair a bhíonn fothaí imní réasúnacha ag duine go bhféadfadh sé go ndearnadh mí-úsáid nó faillí ar pháiste, go bhfuil mí-úsáid nó faillí á dhéanamh ar pháiste nó go bhfuil páiste i mbail mí-úsáide nó faillí. Tá sonraí teagmhála d'oibrithe sóisialta na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach ar fáil ag:

<http://www.tusla.ie/services/child-protection-welfare/contact-a-social-worker/>

An Clár Misneach

Acmhainní don seomra ranga le tacú le forfheidhmiú an churaclaim ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Díritear sa chlár ar oideachas a chur ar dhaoine óga faoi na contúirtí a bhaineann le mí-úsáid na ndrugaí is coitianta, go háirithe alcól agus nicitín. Leathnaíonn clár athbhreithnithe Misneach an bunfhócas chun gnéithe de shaol páistí a chur san áireamh, cosúil le sábháilteacht phearsanta agus forbairt i dtreo caitheachais.

<http://www.pdst.ie/walktall>

Webwise

Is é Webwise Ionad na hÉireann um Fheasacht ar Shábháilteacht Idirlín. Cuireann sé acmhainní teagaisc agus comhairle ar fáil maidir le topaicí sábháilteachta Idirlín, lena n-áirítear cibearbhulaíocht agus na meáin shóisialta.

www.webwise.ie

Aguisín A

A Thuismitheoir dhil,

Tá sé beartaithe againn clár oideachais ar shábháilteacht phearsanta a theagasc sna seachtainí seo atá amach romhainn dar teideal Bí Sábháilte. Is éard is aidhm leis an gclár Bí Sábháilte ná scileanna sábháilteachta pearsanta a theagasc do pháistí le go mbeidh siad in ann iad féin a iompar i gcásanna a ghoillfeadh orthu nó a bheadh contúirteach. Pléitear ann i dtosach cásanna coitianta a mbeidh ar bhunús na bpáistí déileáil leo in am éigin, m.sh. iad ag dul ar strae nó duine ag imirt bulaíocht orthu. Múineann an clár do pháistí chomh maith, na scileanna sábháilteachta a bheidh ag teastáil uathu le hiad féin a chosaint ar mhí-úsáid ghnéasach nó chorportha agus cuirfear béim ar a thábhachtaí agus atá sé aon fhadhbanna a bheadh acu a chur in iúl do dhuine fásta a bhfuil muinín acu as nó aisti.

Is cuid den churaclam Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte é an clár Bí Sábháilte agus iarrtar ar gach bunscoil é a chur i bhfeidhm. Tá sé riachtanach go mbeadh comhoibriú idir tuismitheoirí agus múinteoirí ionas go n-éireoidh leis an gclár seo. Tá sé tábhachtach go mbeadh tuismitheoirí ar an eolas faoi ábhar na gceachtanna Bí Sábháilte agus go mbeadh siad in ann na ceachtanna a phlé lena gcuid páistí. B'fhéidir go dtabharfadh do pháiste bileoga oibre abhaile a thabharfaidh treoir duit maidir leis na topaicí atá á bplé sa rang agus conas is féidir leat na teachtaireachtaí a atreisiú sa bhaile.

Féadfaidh tú ábhar na gceachtanna Bí Sábháilte a léamh ag www.staysafe.ie/teachers/resources.htm. Téigh i dteagmháil leis an scoil más mian leat an clár a phlé tuilleadh.

Go raibh maith agat as comhoibriú linn,

An Múinteoir Ranga



COMHTHÁTHÚ AR FUD AN CHURACLAIM

Tabhair faoi deara:

Cuirtear tús le gach topaic le breac-chuntas ar an gcaoi a mapáiltear an t-inneachar chuig na snáitheanna agus na

Curaclam Teanga na Bunscoile

SNÁITHE:

Gné:

Torthaí Foghlama:

Gné:

Torthaí Foghlama:

Gné:

Torthaí Foghlama:

TEANGA Ó BHÉAL

Cumarsáid

- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird
- Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile

Tuiscint

- Stór focal ó bhéal a shealbhú agus a úsáid
- Tuiscint a léiriú

Fiosrú agus úsáid

- Iarratais agus ceisteanna
- Catagóiriú
- Athinsint agus mionléiriú
- Eolas, míniú agus údar a thabhairt
- Cur síos, tuar agus machnamh

SNÁITHE:

Gné:

Torthaí Foghlama:

Gné:

Torthaí Foghlama:

LÉITHEOIREACHT

Cumarsáid

Rannpháirtíocht

Fiosrú agus úsáid

Tuiscint

Tíreolaíocht

SNÁITHAONAD:

IMSHAOIL DHAONNA

Foghlaim faoi na daoine agus faoi na pobail a chónaíonn agus a shaothraíonn sa dúiche máguaird agus i gceantar codarsnach in Éirinn agus léirtheiscint cheart a ghnóthú orthu

Drámaíocht

SNÁITHE:

DRÁMAÍOCHT CHUN MOTHÚCHÁIN, EOLAS AGUS IDÉANNA A INIÚCHADH D'FHONN TUISCINT A CHOTHÚ

- Glacadh leis an gcomhthéacs ficseanach drámata chomh spontáineach saoráideach agus a thug sé/sí faoin gcur i gcéill súgarthach
- An coibhneas idir ról agus carachtar a thuiscint agus an cumas a fhorbairt cloí le ról nó carachtar chomh fada agus is gá le haghaidh na gníomhaíochta drámataí
- Trí leas a bhaint as na léargais go léir a eascraíonn as gníomhaíocht dhrámata a chur le chéile, an acmhainn a fhorbairt tátail a bhaint agus hipitéisí a cheapadh i dtaobh an tsaoil agus i dtaobh daoine

Ceol

SNÁITHE:

CUMADÓIREACHT

Snáithaonad:

Tobchumadh agus cruthú:

- Píosáí simplí ceoil a thaispeánann feachtas fhorásach ar ghnéithe an cheoil a chumadh agus a léiriú

Corpoideachas

SNÁITHE:

DAMHSA

Snáithaonad:

An damhsa a iniúchadh, a chruthú agus a dhéanamh

- Leibhéil, conairí, cruthanna agus treonna difriúla i spás a iniúchadh a thuilleadh

Snáithaonad:

Gníomhaíochtaí Lasmuigh agus Gníomhaíochtaí Eachtraíochta - Dúshláin lasmuigh

- Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí simplí comhair (iontaoibhe)

Na hAmharcealaíona

SNÁITHE:

FABRAIC AGUS SNÁITHÍN

Fabraic agus snáithín a úsáid chun píosáí beaga airgtheacha a dhéanamh

Topaic 1

Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte

Réasúnaíocht don Topaic

Is cuid thábhachtach d'oideachas páiste é múineadh dó faoi mhothúcháin a thuiscint, a chur in iúl agus a láimhseáil. Is féidir é sin a dhéanamh trí theagasc sonracha maidir le mothúcháin agus/nó trí iniúchadh a dhéanamh ar na mothúcháin atá ar charachtair i scéalta a léitear nó i bpictiúir a phléitear. Nuair a dhéantar iniúchadh ar conas a mhothaíonn daoine eile cuidítear le páistí ionbhá a fhorbairt.

Tá sé tábhachtach go mbeadh roinnt obair ullmhúcháin déanta ag na daltaí go léir ar mhothúcháin roimh na ceachtanna seo. Is maith an smaoineamh é freisin súil siar a chaitheamh ar obair eile ar mhothúcháin in éineacht leis an rang, obair a rinne tú leo b'fhéidir in OSPS agus i réimsí eile den churaclam.

Sa topaic seo, foghlaimíonn na daltaí go dtugann a gcuid mothúchán treoir dóibh maidir lena dtaithí saoil. Múintear dóibh conas freagairt do mhothúcháin ar bhealach a chuireann a sábháilteacht agus a gcosaint chun cinn.





MAPÁIL CHUIG AN GCURACLAM OSPS

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE

Féinaithne: Ag forbairt féinmhuiníne

- Tuairimí, braistintí, smaointe agus idéanna pearsanta a chur in iúl le muinín bhreise.

Ag Tabhairt Aire do mo Chorp: Sláinte agus Folláine

- Tosú ar straitéisí a fhorbairt chun déileáil le himní nó le deacrachtaí éagsúla a thiocfaidh roimhe/roimpi.

Ag Fás agus ag Athrú: Braistintí agus mothúcháin

- Labhairt faoi agus machnamh a dhéanamh ar raon leathan braistintí agus mothúchán agus ar na suímh éagsúla ina n-aireofaí iad mar aon leis an tslí ina gcuirfí in iúl iad,
- An tslí inar féidir le braistintí tionchar a imirt ar bheatha duine a iniúchadh.

Sábháilteacht agus Cosaint: Sábháilteacht Phearsanta

- Daoine, áiteanna agus staideanna a d'fhéadfadh sábháilteacht phearsanta a chur i mbaoil a aithint
- Dul i gceann tuisceana go bhfásann freagracht as sábháilteacht phearsanta de réir mar a fhásann neamhspleáchas, agus go gcaithfidh gach duine straitéis a choinneoidh slán é/i i bhfochair daoine eile a fhorbairt agus cloí leis.

Ag Déanamh Cinntí

- Bheith feasach agus machnamhach maidir le roghanna agus cinntí a dhéanann sé/sí gach lá
- Na tosca a théann i gcion ar chinntí agus ar roghanna pearsanta a iniúchadh agus a phlé mar aon leis na leibhéil dhifriúla smaoinimh a bhíonn i gceist i ndéanamh cinnidh.

Stór focal

Focail mhothúchán

Naíonáin Bheaga/Mhóra	Rang a 1/2	Rang a 3/4
Ar bís	Scanraithe	Compordach
Sásta	Suaimhneach	Náirithe
Faiteach	Míshásta	Díograiseach
Trína chéile	Gortaithe	Amaideach
Brónach	Buartha	Ciontach
Feargach	Sásta	Imníoch
		Éadmhar
		Mífhoighneach
		Gealgháireach
		Seafóideach

Topaic 1 **Ceacht 1**

Mothúcháin

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí foghlaim faoin méid seo a leanas:

- Go bhfuil mothúcháin, fiú cinn nach dtaitníonn leo, tábhachtach
- Go bhfuil mothúcháin cosúil le teachtaireachtaí
- Go dtaispeánann siad mothúcháin ar bhealaí difriúla.

Acmhainní

AM 1: Lúbchluiche ‘Mothúchán’

BO 1: Mise agus Mo Chuid Mothúchán

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Labhróimid inniu faoin tábhacht atá lenár mothúcháin a thuiscint agus faoin gcaoi ar féidir lenár mothúcháin athrú.

Bíonn mothúcháin orainn go léir agus, as seo go ceann cúpla lá, beimid ag labhairt fúthu. Ainmneoidimid roinnt acu agus pléifimid conas is féidir linn dul i ngleic leo.

Tabhair deis do na daltaí tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar fhocail mhothúcháin (féach ar fhorbairt an stóir focal thuas) agus taifead iad ar an gclár bán nó úsáid iad chun Wordle a dhéanamh (<http://www.wordle.net/>).

Forbairt

Cad is mothúchán ann?

Bíonn mothúcháin ar gach duine. Athraíonn ár gcuid mothúcháin an t-am ar fad – uaireanta bímid sásta, uaireanta bímid brónach nó uaigneach nó feargach.

Má tharlaíonn rud éigin maith dúinn, is féidir linn a bheith sásta nó ar bís mar gheall air. Má tharlaíonn drochrud dúinn, is féidir linn a bheith brónach nó scanraithe. Tá mothúcháin cosúil le teachtaireachtaí, níl siad go maith ná go dona – insítear rud éigin dúinn le gach mothúchán a bhíonn orainn.

Tá sé tábhachtach go mbeadh aird againn ar ár mothúcháin agus go ndéanaimis iarracht iad a thuiscint.

AM 1 – Lúbchluiche Mothúchán: Is féidir le daltaí oibriú i mbeirteanna nó ina n-aonar. Tosaíonn an té ag a bhfuil an cárta Tosaigh agus léann sé nó sí amach an ráiteas ar an gcárta. Léann an t-imreoir a cheapann go bhfuil an cárta acu den mhothúchán a mheaitseálann an ráiteas an ‘Mothúchán’ agus ansin léann sé/sí an ráiteas ar a c(h)árta féin.

D’fhéadfadh sé tarlú go measfadh cúpla dalta gurb é a gcárta féin an ceann is fearr agus sa chás sin beidh na daltaí in ann plé a dhéanamh ar an gcárta is fearr a oireann agus socrú a dhéanamh maidir leis ansin.

Ba cheart go gcuideodh an cleachtadh seo le daltaí a thuiscint gur féidir le daoine mothúcháin éagsúla a bheith acu i gcásanna den chineál céanna.

Bíonn tionchar ag an gcaoi a motháimid faoi rud ar conas a fhreagraímid do chás ar leith. Nuair a bhímid in ann ár mothúcháin a ainmniú i gceart cuidíonn sé linn tuiscint níos fearr a fháil orainn féin agus a bheith i gceannas ar na mothúcháin a bhíonn orainn.

Ag éisteacht lenár Mothúcháin

Bíonn amanna ann nuair a bhíonn go leor mothúcháin difriúla orainn faoi rud a tharlaíonn.

Mar shampla, *titeann an bréagán is fearr leat uait nó d'fhón nó do tháibléad agus bristear é. Cén chaoi a mothófá dar leat?*

Déan iniúchadh in éineacht leis an rang ar na mothúcháin éagsúla a d'fhéadfaí a spreagadh ionainn le cás den sórt sin, iad seo a leanas b'fhéidir:

- Feargach go bhfuil do bhréagán/fhón/tháibléad briste
- Trína chéile toisc go bhfuil a fhios agat gur chaith do thuismitheoirí go leor airgid air.
- Ciontach toisc gur dúradh leat gan é a thabhairt amach leat.

Roghnaíodh thú chun ionadaíocht a dhéanamh ar do rang sa chomórtas tallainne. Cén chaoi a mothófá dar leat?

- Ríméadach gur piocadh thú?
- Neirbhíseach nach mbeidh tú sách maith?
- Ar bís toisc gur ócáid mhór a bheidh ann?

Gníomhaíocht – Ag Mothú Mothúcháin: Tugann ár gcoirp freagra ar mhóthúcháin éagsúla freisin. I mbeirteanna nó i ngrúpaí, tabhair cárta do na daltaí ar a bhfuil focal mothúcháin agus iarr orthu é a phlé agus ansin taispeáin an mothúchán sin i mím.

Mar shampla, má tá áthas ort nó má tá tú ar bís, b'fhéidir go mbeifeá ag gáire, b'fhéidir go gcuimleofa do lámha le chéile, b'fhéidir go mbeadh snaidhm i do bholg, etc.



Conclúid

BO 1 – Mise agus Mo Chuid Mothúcháin Gníomhaíocht smaoinimh, péireála agus roinnte ina líonann daltaí isteach an bhileog oibre dóibh féin agus ina dtugtar deis dóibh ansin a gcuid freagraí a roinnt le daoine eile sa rang.

Tá sé tábhachtach a mheabhú do dhaltaí gur rudaí aonair iad mothúcháin, gur leatsa iad agus gur iomaí mothúcháin difriúil a bhíonn orainn go léir. Ní mar an gcéanna a mhothaíonn gach duine faoi gach rud.

Chomh maith lenár mothúcháin a chur in iúl i bhfocail, taispeánaimid ár mothúcháin ar bhealaí eile. Tabhair deis do dhaltaí insint conas a thaispeánann siad a gcuid mothúcháin, e.g. gothaí gnúise, iompar, ár nglór, an chaoi a seasaimid, etc.

Obair Fairsingithe

Gníomhaíocht Ealaíne – Cuir an Mothúchán i mBuidéal: Abair le daltaí, ina n-aonar nó i mbeirteanna, mothúchán a roghnú. Abair leo gur roghnaíodh iad chun buidéal a dhearadh ina mbeadh an mothúchán sin. Caithfidh siad cinneadh a dhéanamh faoi dhreach an bhuidéil – cruth an bhuidéil, dath.


Ag deireadh na gníomhaíochta ní mór don rang iarracht a dhéanamh buille faoi thuairim a thabhairt faoi cén mothúchán é.

Topaic 1 Ceacht 2

Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí foghlaim faoin méid seo a leanas:

- Cásanna a aithint ina motháíonn siad sábháilte agus neamhshábháilte
- Teachtaireachtaí roimh chásanna a d'fhéadfadh a bheith neamhshábháilte nó contúirteach
- Gur chóir dóibh labhairt i gcónaí le duine fásta má mhothaíonn siad neamhshábháilte, i mbaol nó i gcontúirt.

Acmhainní

AM 2: Scéal Olivia

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Labhróimid inniu faoi amanna nuair a mhothaímid sábháilte agus amanna nuair nach mothaímid sábháilte, agus cad is féidir linn a dhéanamh faoi amanna nach mothaímid sábháilte.

Faigh gloine uisce nó pota múirín agus cuir i lár an bhoird é. Fiafraigh de na páistí an gceapann siad go bhfuil an ghloine uisce sábháilte ansin. Cén fáth? Cén fáth nach bhfuil? Bog an ghloine go dtí imeall an bhoird sa chaoi is go bhfuil sí beagnach ag titim de. Iarr ar na páistí tuairim a thabhairt ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil an ghloine uisce sábháilte nó neamhshábháilte ansin. Cén fáth? Cén fáth nach bhfuil?

Bíonn amanna ann nuair a mhothaímid sábháilte agus bíonn amanna ann nuair nach mothaímid sábháilte. Anois cloisfimid scéal faoi Olivia agus táim ag iarraidh oraibh éisteacht go grinn go bhfaighidh sibh amach faoi na hamanna ar mhothaigh Olivia sábháilte agus na hamanna nár mhothaigh sí sábháilte.

Forbairt

AM 2 - Scéal Olivia: Seinn nó léigh an scéal seo a leanas agus pléigh ansin é.

Luigh Olivia in aghaidh ráillí an bháid farantóireachta agus d'fhéach sí ar na tonnta geala guagacha ag dul amach ó thaobh an bháid. Scréach na faoileáin os a cionn agus an bád ag tarraingt amach as an gcuan.

Bhí daoine ag gáire agus ag comhrá timpeall uirthi agus iad ag seasamh le haghaidh pictiúr.

Bhreathnaigh sí anonn ar Sophia a bhí ag preabadh an bhabaí bhig, Ryan, ar a glúine. Bhí sé ag dúil a ordóige agus ag gáire. Bhí sé iontach gleoite! Chuimhnigh sí ar an inní a bhí uirthi nuair a dúirt Daide léi go raibh a bhean chéile nua ag iompar clainne. Bhí faitíos uirthi go n-athródh rudaí, b'fhéidir go mbeadh níos mó grá ag Daide don bhabaí nua ná di féin agus nach mbeadh sí in ann an oiread sin ama a chaitheamh leis.

Ina ionad sin, mhothaigh sí iontach sásta agus sábháilte anois go raibh dhá theaghlach aici – a Mama agus Mamó, a thug aire di i rith na seachtaine, agus Daide, Sophia agus an babaí Ryan, a thug aire di ar an deireadh seachtaine.

Bhí siad ar a mbealach go dtí an Fhrainc inniu mar gur as an bhFrainc í Sophia

Ó thús agus b'fhada lena muintir go bhfeicfidís Ryan den chéad uair. Dúirt Daide go raibh siad ag tnúth le Olivia a fheiceáil arís freisin.

Bheadh eachtra mhór aici agus bhí a fhios aici go mbeadh Daide agus Sophia in éineacht léi chun í a choimeád sábháilte sa tír strainséartha seo.

Pointí Díospóireachta:

- Cén chaoi a mothaíonn Olivia faoi bheith ag dul chuig an bhFrainc?
- Cén fáth a mothaíonn Olivia mar sin agus cad a chuidíonn léi mothú ar an gcaoi sin?
- Cén fáth a raibh imní ar Olivia roimhe seo?
- Mínigh cén fáth a raibh eagla ar Olivia sular rugadh a deartháir Ryan.
- An féidir leat cuimhneamh ar uair éigin ar mhothaigh tusa mar a mhothaigh agus a mhothaíonn Olivia?

Áiteanna Sábháilte, Roghanna Sábháilte

Roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas, 'Smaoinigh air' nó 'Mapáil turas'.

Smaoinigh air: Abair leis na páistí spás a aimsiú agus luí siar agus a dhá shúil a dhúnadh – nó suí ag an deasc agus na súile a dhúnadh.

Iarr orthu a shamhlú go bhfuil siad in áit ina mothaíonn siad sábháilte agus sásta.

Iarr orthu smaoineamh ar an áit sin agus a aithint cén fáth ar mhothaigh siad sábháilte ann. Cé a bhí in éineacht leo? Cad a bhí ar siúl acu? Cén fáth ar mhothaigh sé sábháilte? Ansin tabhair ar ais le chéile mar ghrúpa iad agus iarr orthu cur síos a dhéanamh don ghrúpa ar ar smaoinigh siad agus ar na mothúcháin a bhaineann leis.

Mapáil turas: Úsáid clár bán nó cairtpháipéar agus tarraing léarscáil de thuras a d'fhéadfadh na daltaí a dhéanamh, mar shampla, ag dul ón scoil go dtí an pháirc nó chuig an bpáirc peile nó an séipéal (d'fhéadfaí Google Maps a úsáid chun an turas a fheiceáil).

Cuidíonn na daltaí chun áiteanna a dtéann siad tharstu a aithint, aomhail ar an mbóthar, etc. Fiafraigh díobh an bhfuil aon áiteanna ar an turas sin ina bhféadfadh sé tarlú nach mothóidís an-sábháilte, mar shampla, ag dul trasna aomhail an-ghnóthach nó ag siúl an bhóthair in áit nach bhfuil aon chosán.

Cuir na daltaí i ngrúpaí de bheirt nó triúr ansin agus tabhair páipéar agus marcóirí do gach grúpa agus iarr orthu léarscáil a tharraingt chun a dturas chuig an scoil nó aon turas eile a dhéanann siad go rialta a thaispeáint, ag marcáil áiteanna difriúla nó bóithre.

Iarr orthu áiteanna ina mothaíonn siad sábháilte a mharcáil le ciorcal glas, mar shampla, a dteach, an scoil, trasrian coisithe, etc.

Iarr ar na páistí ansin cros dhearg a chur ar áiteanna ina mothaíonn siad neamhshábháilte. Mar shampla, áiteanna ina bhfuil torann, trácht, daoine fásta eile, madra drochmhúinte, etc.

Nuair a bheidh na grúpaí críochnaithe, is féidir leo a léarscáil a roinnt leis an rang ar fad – ag taispeáint na n-áiteanna ina motháíonn siad sábháilte agus neamhshábháilte.

Pléigh amanna leis na daltaí nuair a mhothaíonn siad sábháilte agus cad a chuidíonn leo mothú sábháilte, mar shampla, nuair a thugtar aire dóibh; nuair a chaitheann siad am lena gcairde; ag siúl le duine fásta a bhfuil aithne acu air agus a thaitníonn leo.

D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith áisiúil chun é seo a iniúchadh leis an rang:

- Cén fáth a motháíonn tú sábháilte nó neamhshábháilte san áit áirithe sin?
- Ar aontaigh gach duine faoi na háiteanna ina motháítear sábháilte nó neamhshábháilte? Murar aontaigh, cén fáth ar mhothaigh roinnt daoine difriúil?
- An drochrud é i gcónaí a bheith ag mothú neamhshábháilte? Ní hea, mar shampla, má mhothaíonn tú neamhshábháilte gar do bhóthar gnóthach cuidíonn sé leat a bheith cúramach.
- An bhfuil aon rud a d'fhéadfá a dhéanamh i gcás neamhshábháilte ionas go mothófá sábháilte arís?

Tá sé tábhachtach a rá, agus béim air, gur chóir go mothódh páistí sábháilte formhór den am. Mura motháíonn, ní mór dóibh labhairt le duine fásta faoin gcúis a motháíonn siad neamhshábháilte.

Conclúid

Meabhraigh do na daltaí a thábhachtaí is atá sé insint do dhuine fásta faoi aon chás ina motháíonn siad neamhshábháilte, faoi bhagairt nó i gcontúirt.

Topaic 1 Ceacht 3

Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Cásanna ina mothaíonn siad sábháilte agus neamhshábháilte a thuiscint agus a shainaithint
- Foghlaim conas teacht roimh chásanna a d'fhéadfadh a bheith neamhshábháilte nó contúirteach nó bagartha
- Foghlaim nár chóir dóibh riamh rúin a choinneáil faoi amanna a mothaíonn siad neamhshábháilte agus gur chóir dóibh i gcónaí é a insint do dhuine fásta
- Roinnt daoine fásta ina saol ar féidir leo rud a insint dóibh a aithint
- Rialacha agus straitéisí sábháilteachta eile a fhoghlaim is féidir leo a úsáid nuair a mhothaíonn siad neamhshábháilte nó i gcásanna a d'fhéadfadh a bheith contúirteach nó bagartha.

Acmhainní

AM 3: Scéal Luca

BO 2/NBS: Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte

BO 3/NBS: An Cúigear Iontaofa

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Labhróimid inniu faoi a thábhachtaí is atá sé gan rúin a choimeád faoi amanna a mothaímid neamhshábháilte.

Meabhraigh an ceacht roimhe sin do na daltaí, agus scéal Olivia agus an plé a rinne siad ar amanna nuair a mhothaíonn siad sábháilte agus neamhshábháilte.

Forbairt

Stór focal le haghaidh Sábháilte agus Neamhshábháilte

Gníomhaíocht Ransaithe Smaointe: Is féidir é seo a dhéanamh mar ghníomhaíocht ranga uile ag úsáid an chláir bháin, nó i ngrúpaí beaga, ag úsáid bileog agus marcóirí. Fiafraigh de na páistí faoi gach a mbíonn ar intinn acu nuair a chloiseann siad na focail 'sábháilte' nó 'neamhshábháilte'.

Smaoinigh ar na háiteanna ina bhfuil tú, na daoine atá in éineacht leat, na mothúcháin a bhíonn ort, an bealach a labhraíonn daoine leat, etc.

Tabhair deis dóibh a gcuid smaointe a scríobh sna bolgáin Sábháilte agus Neamhshábháilte ar an mbileog oibre nó taifead na focail ar an gclár bán.

Nuair a bhíonn siad críochnaithe, iarr ar gach grúpa na focail ar ar smaoinigh siad a thabhairt mar aiseolas.

Focail a d'fhéadfaí a lua le mothú sábháilte: Compordach, Sásta, Cosanta, Aire á fáil, Baile, Te, Grá

Focail a d'fhéadfaí a lua le mothú neamhshábháilte: Faitíos, Fuar, Faoi bhagairt, Contúirt, Uaigneach, Ag bualadh, Gan aon ghrá.

AM 3 - Scéal Luca Seinn nó léigh an scéal seo a leanas agus pléigh é leis an rang.

Tá Luca naoi mbliana d'aois agus tá cónaí air lena mháthair i mbaile an-ghnóthach. Tá siad ina gcónaí ann le cúig bliana anois agus cé gur maith le Luca a bheith ina chónaí ann, is breá leis dul ar cuairt chuig a Aintín Claire agus a Uncail Sam atá ina gcónaí faoin tuath. Is breá le Luca dul chuig teach Claire mar gheall go bhfuil sí ina cónaí ar fheirm agus is breá leis a bheith ag cabhrú léi féin agus le hUncail Sam chun aire a thabhairt do na hainmhithe. Is féidir leis a bheith ag spaisteoireacht in éineacht lena aintín agus lena uncail amuigh faoin tír agus téann siad píosa fada sula bhfeiceann siad teach nó feirm eile. B'fhada le Luca i gcónaí go dtiocfadh an samhradh nuair a rachadh sé féin agus a Mhama go dtí teach Claire agus Sam ar feadh coicíse gach bliain.

Mar sin nuair a dúirt Mama go mb'fhéidir gur mhaith le Luca dul go dtí teach Claire agus Sam oíche Dé hAoine nuair a ghabhfadh sí féin chuig cóisir breithlae a carad, bhí ríméad mór ar Luca. Bhí sé ag tnúth go mór le tráthnóna Dé hAoine agus an Satharn ar fad a chaitheamh ar an bhfeirm. Smaoinigh sé meas tú an dtabharfadh Uncail Sam amach ag marcaíocht capall é Dé Sathairn.

Tráthnóna Dé hAoine, d'fhág Mama ar an bhfeirm é agus bhí an-spraoi aige in éineacht lena Uncail Sam agus Aintín Claire. Shiúil siad an fheirm, bheathaigh siad na hainmhithe go léir agus tar éis an dinnéir d'fhéach siad ar scannán nua ar DVD. Faoi am codlata, bhí Luca traochta. I ndiaidh dó é féin a réiteach le dul a chodladh agus a chuid fiacla a ní, isteach le Luca sa leaba sa seomra ina mbíodh sé féin agus a Mhama go hiondúil. Ba ghearr go raibh sé tite ina chrap codlata.

Uair éigin i rith na hoíche dhúisigh Luca go tobann agus é scanraithe. Cén sórt torainn é sin a bhí sé cinnte a chuala sé ag an bhfuinneog? Nuair a d'oscail sé a shúile níor chreid sé chomh dorcha is a bhí a sheomra. Ní raibh sé in ann aon rud beo a fheiceáil. Go hiondúil, nuair a bhíodh a Mhama in éineacht leis, bhíodh an solas beag oíche ar siúl, ach ní raibh aon solas ann anocht. Bhíodh solas an tseomra folctha fágtha ar siúl i gcónaí sa bhaile. Go tobann, chuala sé an torann arís. Bhí sé scanraithe.


Bhí Luca ag smaoineamh dá mbeadh a Mhama anseo go mbeadh sé in ann í a dhúiseacht agus go mothódh sé sábháilte arís in éineacht léi.

Bhí faitíos air dul amach as an leaba. Bhí sé chomh dorcha sin sa seomra nach raibh sé in ann fiú a fheiceáil cá raibh an doras. Bheadh Claire agus Sam ina gcodladh go sámh agus ar aon nós ní raibh sé ag iarraidh bheith ina pheata mór agus tosú ag glaach orthu le teacht isteach chuige.

Ní raibh a fhios ag Luca cén t-achar a bhí sé ina luí ansiúd sa leaba agus é an-scanraithe sula bhfaca sé an ghrian ag éirí agus breacadh an lae.

Cé go raibh Dé Sathairn go hálainn agus gur éirigh leo a dhul ag marcaíocht capall, níor thaitin an lá chomh mór sin le Luca mar gheall go raibh sé chomh tuirseach traochta sin. Nuair a tháinig Mama chun é a thabhairt abhaile, dúirt Claire agus Sam léi go raibh ríméad orthu Luca a bheith in éineacht leo. Dúirt siad go raibh sé thar cionn agus nach raibh aon fhadhb leis in aon chor. Dúirt Mama mar go raibh Luca níos sine anois go mb'fhéidir go bhféadfadh sé teacht agus fanacht beagán níos faide in éineacht leo sa samhradh. Ní raibh Luca cinnte an mbeadh fonn air é sin a dhéanamh. Cad faoi dá ndúiseadh sé arís san oíche agus é scanraithe?

Ar an mbealach abhaile sa charr d'fhiafraigh Mama de Luca faoina chuairt ar Claire agus Sam. Ní raibh Luca cinnte cad ba cheart dó a rá, dá ndéarfadh sé dada, faoin méid a tharla aréir.



Pointí Díospóireachta:

Cad ba cheart do Luca a dhéanamh dar leat?

Abair leis na daltaí a rá cad a d'fhéadfadh nó ba cheart do Luca a dhéanamh. Déan iniúchadh ar na rudaí a d'fhéadfadh tarlú de bharr na dtuairimí a thugann siad, mar shampla:

- Leanann Luca den chur i gcéill gan aon rud a rá lena Mhama. Beidh imní air má chaitheann sé dul chuig an bhfeirm arís leis féin agus b'fhéidir go mbeadh imní air faoi bheith ina chodladh leis féin sa seomra dubh dorchá.
- Insíonn Luca dá Mhama an chaoi ar mhothaigh sé neamhshábháilte. Tuigfidh Mama cén fáth a raibh sé trína chéile agus, má théann Luca chuig an bhfeirm arís, déarfadh sí le Claire agus Sam déanamh cinnte go mbeidh solas sa seomra. Déarfad le Luca má tharlaíonn sé arís, go bhfuil sé ceart go leor glaoch ar Sam nó Claire agus go bhfanfaidh siad leis go dtí go mothóidh sé sábháilte.

Cad is féidir linn a fhoghlaim ó scéal Luca?

An tábhacht atá le rud a insint do dhuine fásta atá in ann rud éigin a dhéanamh chun cabhrú leat.

Fiafraigh den rang an bhfuil siad in ann smaoineamh ar shamplaí eile de chás ina bhféadfaidís a bheith ag mothú neamhshábháilte agus an difríocht a d'fhéadfadh sé a dhéanamh insint faoi do dhuine fásta, mar shampla:

- Ag dúiseacht i lár na hoíche tar éis brionglóid ghránna
- Faitíos a bheith orthu má bhíonn Mama nó Daide déanach á bpiocadh suas
- Ar do bhealach chun na scoile, tá madra an-mhór a bhfuil faitíos ort roimhe i dteach amháin.

Iarr ar an rang smaoineamh ar cad a d'fhéadfaidís a dhéanamh sna cásanna seo. Mar shampla, má bhíonn do thuismitheoir déanach do do bhaile ón scoil, d'fhéadfá dul ar ais isteach sa scoil agus é a insint do mhúinteoir.

BO 2/NBS: Ag mothú sábháilte agus neamhshábháilte: Féadfaidh daltaí an bhileog oibre seo a dhéanamh ar scoil nó sa bhaile. Tá sé tábhachtach go dtabharfadh na daltaí an bhileog oibre abhaile leo ionas go mbeidh siad in ann é a phlé le thuismitheoir/caomhnóir.




Conclúid

Abairt a chríochnú: Abair leis na daltaí seasamh i gciorcal. Tabhair liathróid nó pónaireán do pháiste amháin agus iarr air an abairt a chríochnú “Motháim sábháilte nuair a...” Ansin caitheann an páiste an liathróid chuig duine éigin eile sa chiorcal a dhéanann an rud céanna, agus leantar de sin go dtí go mbíonn seans ag gach duine.

BO 3/NBS – An Cúigear Iontaofa: Meabhraigh an Cúigear Iontaofa do dhaltai ó na ceachtanna de chuid Bí Sábháilte roimhe seo sna Naíonáin nó i Rang a hAon agus i Rang Dó. Iarr orthu smaoineamh ar na daoine fásta a n-inseoidís dóibh dá mothóidís neamhshábháilte nó má bhí imní orthu faoi rud éigin nó má bhí siad trína chéile.

Féadfaidh na daltaí an bhileog oibre a dhéanamh sa rang nó níos déanaí sa bhaile. Má thugann siad faoin ngníomhaíocht ar scoil, ba cheart do dhaltai an bhileog oibre ‘An Cúigear Iontaofa’ a thabhairt abhaile chun é a phlé le thuismitheoir/caomhnóir.



BILEOG OIBRE 2
Rang a 3 agus Rang a 4

Mise agus mo chuid mothúchán

Críochnaigh an abairt

Bím sásta nuair...

Bíonn brón orm nuair...

Bím ar bís nuair...

Bíonn fearg orm nuair...

Bím corraithe nuair...

Bíonn scanradh orm nuair...



bí
sábháilte





Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 2

Rang a 3 agus Rang a 4

Ag mothú sábháilte agus neamhsábháilte

Motháim sábháilte nuair...

Motháim neamhsábháilte nuair...

Sa rang inniu, labhraíomar faoi uaireanta a motháimid sábháilte agus faoi uaireanta a motháimid neamhsábháilte.

Iarr ar do pháiste labhairt leat faoi na huair-
anta seo.



Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:




Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 3

Rang a 3 agus Rang a 4

An Cúigear Iontaofa

Scríobh síos ainmneacha cúigear duine fásta ar mhéaracha agus ordóg do láimhe arbh fhéidir leat labhairt leo.



Cabhraigh le do pháiste cúigear duine fásta ina shaol a ainmniú arbh fhéidir leis/léi labhairt leo dá mothódh sé/sí neamhshábháilte nó buartha.



Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Topaic 2

Cairdeas agus Bulaíocht

Réasúnaíocht don Topaic

Sa topaic seo, déanann leanaí iniúchadh ar luach an chairdis agus ar a thábhachtaí atá sé caitheamh go measúil agus go hómósach lena chéile.

Uaireanta téann cairdeas in aimhréidh agus déantar bulaíocht ar dhaoine nó téann siad i mbun iompar bulaíochta. Sna ceachtanna seo cabhraítear le leanaí teacht ar thuiscint maidir le cad is bulaíocht ann agus cén tionchar a bhíonn aici ar dhaoine eile.

Is féidir bulaíocht a dhéanamh ar dhaoine ar bhealaí difriúla, go fisiciúil, go briathartha agus go mothúchánach. Déantar bulaíocht ar dhaoine ar chúiseanna éagsúla, uaireanta díreach mar gheall go gceaptar go bhfuil siad difriúil le hais mar ba cheart dóibh a bheith. Áiríonn an bhulaíocht féiniúlacht-bhunaithe seo an bhulaíocht chiníoch agus homafóbach/thrasfòbhach, agus bulaíocht orthu sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Aithnítear gur fadhbanna reatha iad seo sa tsochaí agus tugann na ceachtanna deis do pháistí tuiscint agus straitéisí déileála a fhorbairt.

Aithníonn an Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht (R.O.S. 2013) an ról a d'fhéadfadh bheith ag an bhféachadóir chun aghaidh a thabhairt ar an mbulaíocht. Tugtar léirthuiscint do na páistí ar an gcomhfhreagracht atá orthu áit shábháilte do chách a dhéanamh dá scoil agus dá bpobal féin. Déantar iniúchadh ar straitéisí maidir le hidirghabháil chuí.

Baineann páistí an-úsáid as na meáin shóisialta agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfar bulaíocht orthu ar líne nó d'fhéadfadh sé go rachadh siad féin i mbun iompar bulaíochta ar líne. Tugtar aghaidh ar a thábhachtaí atá sé straitéisí a fhorbairt chun cibearbhulaíocht a chosc agus a láimhseáil.



MAPÁIL LEIS AN GCURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE AGUS DAOINE EILE

Mo chairde agus daoine eile:

- An gá agus an tábhacht a bhaineann le cairdeas agus le hidirghníomhú le daoine eile a léirthuisint
- Na gnéithe difriúla den chairdeas a iniúchadh
- Saghsanna difriúla cairdis a scrúdú
- Tosú ar dhéileáil le heasaontas i gcairdeas nó le cailleadh cairdis
- Admháil go dtéann cairde thart i ngrúpaí, rud a fhéadann bheith folláin nó mífholláin
- An tábhacht a bhaineann le cúram agus tuiscint, cúirtéis, agus dea-bhéasa le daoine eile a chleachtadh agus a aithint
- Meas agus tuiscint a léiriú ar dhearcthaí, ar chreidimh, agus ar luachanna eile
- Bulaíocht a aithint, a phlé agus a thuiscint
- Slite chun déileáil le bulaíocht a iniúchadh agus a scrúdú

Snáithaonad:

Caidreamh le Daoine Eile: Cumarsáid

- Bealaí éagsúla cumarsáide briathartha agus neamhbhriathartha a aithint agus a iniúchadh
- Teanga, gothaí agus iompar iomchuí eile a úsáid chun feidhmeanna sóisialta a chomhlíonadh
- An chaoi ar féidir teanga a úsáid chun an chuimsitheacht a chothú a aithint agus a fhiosrú

SNÁITHE:

Snáithaonad:

MISE***Sábháilteacht agus Cosaint: Sábháilteacht Phearsanta***

- Iniúchadh a dhéanamh ar rialacha sa bhaile, ar scoil agus sa tsochaí agus ar a thábhachtaí atá sé go gcloíffí leo d'fhonn é/í féin agus daoine eile a choinneáil sábháilte
- Daoine, staideanna agus áiteanna a d'fhéadfadh sábháilteacht phearsanta a chur i mbaol a aithint
- Tosú ag meas na n-iarbhairtí a bhaineann le hiompar baolach

SNÁITHE:

Snáithaonad:

MISE AGUS AN DOMHAN MÓR***Ag Forbairt Saoránachta- Mo phobal scoile***

- Bheith feasach ar an tábhacht a bhaineann le meas agus mothálacht ar a chéile i dtaca leis na luachanna difriúla agus an dearcadh difriúil a bhíonn ag daoine eile
- Ról a imirt maidir le rialacha an tseomra ranga a chinneadh, agus a thábhachtaí atá sé cloí le cód iompair agus araíonachta na scoile a phlé agus a scrúdú
- Cearta agus freagrachtaí daoine fásta agus páistí araon i bpobal na scoile a iniúchadh agus a aithint

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE***Féinaithne***

- A aithint go bhfuil ionchur ar leith le déanamh ag gach duine i ngrúpaí, i gcásanna agus i gcairdis éagsúla

Ag Déanamh Cinntí

- Na rioscaí agus na torthaí a bhaineann le cinneadh áirithe a aithint agus a iniúchadh
- An chaoi ar féidir le dearcthaí, tuairimí, ionchais agus freagairtí daoine eile dul i gcion ar chinntí nó ar ghníomhartha pearsanta
- Éirí feasach agus smaoineamh ar roghanna agus ar chinntí a dhéanann sé/sí gach lá

Ag Fás agus ag Athrú: Braistintí agus Mothúcháin

- Plé agus machnamh a dhéanamh ar raon leathan braistintí agus mothúchán agus ar na suímh éagsúla ina n-aireofaí iad mar aon leis an tslí ina gcuirfí in iúl iad
- Braistintí tréana a aithint agus foghlaim conas iad a chur in iúl agus déileáil leo ar bhealach cuí sóisialta

Stór focal

Naíonáin Bheaga/Mhóra	Rang a 1/2	Rang a 3/4
Cairde(as)	Meas	Cúirtéis
Comhroinnt	Agallamh	Macánta
Smaointeach	Cibearbhulaíocht	Dílís
Ag éisteacht	D'aon ghnó	Do-ghlactha
Ag cabhrú	D'aon turas	Toradh
Sealaíocht	Fág ar lár	Fisiciúil
Bí cothrom	Cuir san áireamh	Briathartha
Bulaíocht	Neamhaird a dhéanamh	Mothúchánach
D'aon ghnó	Bagair	Féiniúlacht
Gortaíonn aithrise	Ráfla	Ag déanamh
Faitíos	Comhaontú	Ciníochas
Níos mó ná uair amháin		Míchumas
Ag comhoibriú		Homafóbach
Achasáin		Eitneach
		Náisiúntacht
		Breathnóireacht
		Tír dhúchais
		Inscne
		Leispiach
		Aerach

Topaic 2 Ceacht 1

Cairde

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Luach an chairdis a léirithiscint
- Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir cairde a dhéanamh agus a choinneáil
- Tuiscint a thábhachtaí atá sé caitheamh go measúil agus go hómósach lena chéile.

Acmhainní

BO 4/ NBS: Dán cairdis

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Labhróimid inniu faoi chairdis agus cén chaoi ar cheart dúinn caitheamh lena chéile go measúil agus go cúirtéiseach.

Iarr ar an rang smaoineamh ar fhocail a bhaineann le cairdeas agus cairde agus cuir na focail sin ar an gclár bán idirghníomhach.

Forbairt

Obair Chiorcail: Iarr ar na páistí smaoineamh faoi cad is cara maith ann. Ansin, duine ar dhuine, iarr ar gach páiste sa chiorcal an abairt seo a chríochnú, “Is cara maith mé nuair...”

Agus sibh críochnaithe, meabhraigh arís dóibh dea-thréithe an chairdis, mar shampla, bheith macánta, bheith dlís, rudaí agus ár mothúcháin a roinnt lena chéile, ag éisteacht le do chairde, bheith cabhrach agus tuisceanach, agus am a chaitheamh le do chairde.

Cuir i gcuimhne don rang nach féidir linn a bheith inár gcairde ag gach duine, ach go bhfuil sé tábhachtach go gcaithimid go measúil le gach duine.

BO4/Nasc Baile is Scoile: Dán Cairdis Ag obair i ngrúpa nó mar rang iomlán, scríobhann na páistí dán acraistice bunaithe ar an bhfocal ‘CAIRDE.’ Féadann na grúpaí a ndánta a roinnt leis an rang.

Conclúid

Tabhair léiriú beacht ar thréithe an chairdis agus cuir i gcuimhne don rang, cé nach féidir linn a bheith inár gcairde ag gach duine, go bhfuil sé tábhachtach go gcaithimid go measúil agus go cúirtéiseach le gach duine.

BO 4/NBS – Dán Cairdis: Ba cheart do na daltaí an dán acraistice ‘CAIRDE’ a thabhairt abhaile leo- ceann a rinneadh ar scoil nó bileog bhán le críochnú sa bhaile.

Topaic 2 Ceacht 2

Cad is bulaíocht ann?

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Cad is bulaíocht ann a aithint agus a thuiscint
- An fáth go bhfuil an t-iompar bulaíochta go huile is go hiomlán do-ghlactha a phlé agus a thuiscint
- Cineálacha difriúla iompar bulaíochta a shainaithint

Acmhainní

AM 4: An bhfuil tú ag iarraidh bheith ar m'fhoireann? Cuid 1 Físeán

AM 5: An bhfuil tú ag iarraidh bheith ar m'fhoireann? Cuid 2 Físeán

AM 6: Bulaíocht Fhisiciúil

AM 7: Bulaíocht Ó Bhéal

AM 8: Bulaíocht Mhothúcháin

BO 5 / Nasc Baile is Scoile: Bileog Oibre ar Shainmhíniú na Bulaíochta

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Roinn an cuspóir foghlama leis an rang:

Inniu foghlaimeoidimid faoin mbulaíocht agus na bealaí is féidir léi muid a ghortú.

Réamhrá

Uaireanta úsáideann daoine an focal 'bulaíocht' le cur síos ar chineálacha éagsúla iompair atá go dona nó do-ghlactha. Agus muid ag labhairt faoin mbulaíocht, tá sé tábhachtach go dtuigimid go bhfuilimid ag labhairt faoi iompar atá goilliúnach, a dhéantar d'aon ghnó, agus a dhéantar arís is arís eile.

Sainmhíniú: Is ionann bulaíocht:

GOILLIÚNACH – gortaíonn sé tú féin go fisiciúil, do chuid earraí nó do chuid mothúcháin

ARÍS IS ARÍS – tarlaíonn sé níos mó ná uair amháin

D'AON GHNÓ- tá sé i gceist ag an duine seo tú a ghortú.

Leis an méid seo a thuiscint, táimid chun breathnú ar fhíseán féachaint an féidir linn aithint cad is bulaíocht ann agus cad nach bulaíocht ann.

Forbairt

AM 4 - An bhfuil tú ag iarraidh bheith ar m'fhoireann? (Cuid 1): Taispeáin an físeán agus pléigh leis an rang é.

Pointí Plé:

- Cad a tharla san fhíseán seo?



- Conas a mhothaíonn Jason dar leat nuair a deir Michael nach bhfuil aon mhaith leis ag imirt peile?
- Conas a mhothaíonn a chara Kevin, dar leat?
- Cad a cheapann tusa faoina ndearna Kevin? An raibh an ceart aige imeacht in éineacht le Michael agus a chara a fhágáil as féin?
- Nuair a fhágaimid daoine eile ar lár d'aon turas, cad é sin? (Eisiamh)
- An raibh sé mícheart Jason a fhágáil as féin? (Tá sé tábhachtach a mhúineadh gurb ionann **duine a fhágáil ar lár d'aon ghnó, go leanúnach** agus bulaíocht agus gur féidir leis tionchar díobhálach a bheith aige ar na daoine a fhágtar amach i gcónaí.)
- Cad a d'fhéadfadh Kevin a dhéanamh ar shlí eile?
- Cad a d'fhéadfadh Michael a dhéanamh ar shlí eile?
- An bhféadfadh Jason aon rud a dhéanamh a chabhródh leis?

An Cheist Mhór: Bhreathnaíomar agus phléamar an ghearrthóg físe agus chonaiceamar cé chomh dona is a caitheadh le Jason. Meas sibh an ndearnadh bulaíocht ar Jason? An raibh an t-iompar goilliúnach? (Bhí) An ndearnadh é arís is arís eile? (Ní dhearnadh). An ndearnadh é d'aon ghnó? (Rinneadh). Dá bhrí sin, cé go raibh sé go dona agus mícheart, ní bulaíocht a bhí ann.




AM 5 - An bhfuil tú ag iarraidh bheith ar m'fhoireann? (Cuid 2):

Breathnaíonn na daltaí ar an dara cuid den fhíseán féachaint cad a tharlaíonn ansin.

Pointí Plé:

- Cad a bhí difriúil faoin radharc seo?
- Cad a bhí níos fearr faoin toradh?
- Conas a mhothaigh Jason ag an deireadh?
- An mbeidh aon rud foghlamtha ag Michael as seo?
- Cén sórt ceachtanna is féidir linn a fhoghlaim ón gcás seo? (Tá sé tábhachtach seasamh ar son daoine a fhágtar ar lár.)



Cineálacha Bulaíochta

BO 5 / Nasc Baile is Scoile: Tabhair an Bhileog Oibre ar Shainmhíniú na Bulaíochta do na páistí le líonadh amach.

Breathnaímis ar na sleamhnáin seo le fáil amach cén chaoi ar féidir leis an mbulaíocht duine a ghortú.


AM 6 - Bulaíocht Fhisiciúil Ag bualadh, ag brú nó ag baint tuisle as duine eile; ag cur isteach ar earraí linbh eile, mar shampla, leabhair, airgead nó lón


Aithníonn na páistí gurb ionann seo agus corp duine nó earraí duine a ghortú.

AM 7 - Bulaíocht Ó Bhéal Drochainmneacha a thabhairt ar dhuine; ag rá rudaí goilliúnacha, maslacha nó náireacha faoi chuma, cumas, teaghlach, cine nó creideamh páiste.

Aithníonn na páistí gurb ionann seo agus corp duine nó earraí duine a ghortú.

AM 8 - Bulaíocht Mhothúchánach: Páiste a fhágáil ar lár nó a aonrú d'aon turas; imeaglú; ag déanamh beag is fiú d'iarrachtaí duine; cúlchaint nó ráflaí





gránna, goilliúnacha nó bréagacha a scaipeadh.

Aithníonn na páistí gurb ionann seo agus mothúcháin duine a ghortú nó míchlú a tharraingt ar dhuine.

Meabhraíonn an múinteoir do na daltaí:

- Má ghortaítear do chorp, d'fhéadfadh sé sin do mhothúcháin a ghortú freisin
- Má dhéantar dochar do do chuid earraí, d'fhéadfadh sé sin do mhothúcháin a ghortú freisin
- An féidir leat smaoineamh ar aon rud nach ngortódh do chorp ná d'earraí, ach a ghortódh do mhothúcháin? (Drochainmneacha a thabhairt ar dhuine, duine a fhágáil ar lár, ráflaí)

Conclúid

BO 5/NBS - Sainmhíniú ar an mBulaíocht: Tugann na daltaí an bhileog oibre abhaile leo chun plé a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim siad sa rang lena dtuismitheoirí/caomhnóirí.

Topaic 2 Ceacht 3

Cineálacha Eile Bulaíochta

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Nóta don Mhúinteoir:

Faoi na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile, an Roinn Oideachais agus Scileanna, áiríonn an sainmhíniú ar bhulaíocht “bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.” (Na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile, ROS 2013)

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- An bhulaíocht féiniúlacht-bhunaithe a thuiscint agus a aithint- is é sin an bhulaíocht chiníoch, an bhulaíocht homafóbach, agus bulaíocht orthu siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Foghlaim a thábhachtaí atá sé gan rúin a choinneáil faoi iompar bulaíochta.

Acmhainní

BO 6: Cad atá ar eolas agam faoin mbulaíocht?

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: *Inniu, foghlaimeoidimid faoi cuid de na cúiseanna a dhéantar bulaíocht ar dhuine, cé nach air féin an locht. Beimid ag foghlaim faoi chineálacha áirithe bulaíochta bunaithe ar fhéiniúlacht.*

Iarr ar na daltaí cuimhneamh ar na cineálacha éagsúla iompar bulaíochta ón gceacht deireanach, mar shampla, drochainmneacha a thabhairt ar dhuine nó duine a ghortú go fisiciúil nó dochar a dhéanamh dá earraí.

Forbairt

Cineálacha Bulaíochta

Seiceáil an dtuigeann na daltaí an focal ‘féiniúlacht’- na saintréithe trína n-aithnítear duine, mar shampla, ainm, cine, creideamh nó teaghlach. I bhfocail eile, na rudaí a fhágann gur mise mé féin!

Pléigh leis na daltaí an chaoi a ndéantar bulaíocht ar dhaoine uaireanta toisc go meastar iad a bheith difriúil- déantar bulaíocht orthu de bharr a bhféiniúlachta.

Iarr ar na daltaí an féidir leo smaoineamh ar cén chaoi a d’fhéadfaí bulaíocht a dhéanamh ar dhuine de bharr a fhéiniúlachta.

D’fhéadfaí a áireamh le samplaí:

- Magadh a dhéanamh faoi chuma fhisiciúil nó faoi chaint nó aithris a dhéanamh air sin
- Gan a bheith toilteanach obair ná súgradh le duine ná suí in aice leis
- Teaghlach duine a mhaslú
- Drochainmneacha, magadh, íde béil
- Bagairtí fisiciúla nó ionsaithe
- Teachtaireachtaí gránna a scríobh faoi dhuine
- Bheith ag breathnú go haisteach ar dhuine
- Duine eile a ghríosú le hainmneacha a thabhairt ar dhuine nó é a fhágáil ar lár.

Ba chóir na daltaí a spreagadh chun na príomhchineálacha bulaíochta bunaithe ar fhéiniúlacht a ainmniú (bulaíocht bunaithe ar chine, míchumas, creideamh, cúlra teaghlaigh nó cuma).

Nóta don Mhúinteoir:

Treoirilínte maidir le húsáid chuí teanga

Má úsáideann páistí an focal ‘gay’ i mbealach díspeagúil le hainm a ghlaohar ar pháiste eile, cuir i gcás, “Tá tú chomh gay,” abair leo go bhfuil sé míchuí. Mínigh dóibh go bhfuil focail a úsáideann daoine le cur síos orthu féin inghlactha (e.g. aerach, leispiach), ach ní sé inghlactha na focail sin a úsáid ar bhealach díspeagúil le daoine a ghortú.

Tá sé míchuí freisin an focal ‘gay’ a úsáid ar bhealach diúltach le cur in iúl go bhfuil rud éigin lofa. Seans go mbeadh sé seo goilliúnach do dhaoine aeracha a chloiseann é nó daoine a bhfuil cara nó gaol aerach acu. Iarr orthu focal a úsáid a bhfuil an chiall atá uathu leis. Pléigh a thábhachtaí atá sé caitheamh go measúil le daoine eile.

Gluais Téarmaí agus Mínithe
Oiriúnach D’aois

Leispiach: Bean ar mian léi caidreamh grámhar a bheith aici le bean eile
Aerach: Fear ar mian leis caidreamh grámhar a bheith aige le fear eile (“Teaghlaigh Éagsúla, Grá Céanna” INTO 2015)

Táimid chun breathnú níos grinne ar an mbulaíocht chiníoch, an bhulaíocht homafóbach, agus bulaíocht mar gheall ar mhíchumas, ar shamplaí den bhulaíocht féiniúlacht-bhunaithe uile iad.

An bhulaíocht chiníoch

Is ionann an bhulaíocht chiníoch agus bulaíocht a dhéantar ar dhuine de bharr dhath a chraicinn, a theanga, a ghrúpa eitnigh, nó a chleachtais chreidimh nó chultúrtha.

Iarrann an múinteoir ar na páistí samplaí a thabhairt

- Magadh a dhéanamh faoi thír dhúchais duine
- Ligeann ort nach dtuigeann tú cad atá á rá ag duine nó scigaitheas a dhéanamh ar an méid a deir duine
- Magadh a dhéanamh faoin gcaoi a labhraíonn nó siúlann duine
- Magadh a dhéanamh faoi dhath craicinn duine
- Magadh a dhéanamh faoi éadaí duine
- Magadh a dhéanamh faoi chleachtadh creidimh duine

Iompar a bhaineann le bulaíocht homafóbach/ thrasfóbach/bulaíocht ar bhonn inscne

Iarrann an múinteoir ar na páistí samplaí a thabhairt, amhail:

- Magadh faoi dhuine mar gheall ar na cluichí is maith leis a imirt nó na gníomhaíochtaí a dhéanann sé, mar shampla, ainmneacha gránna a thabhairt ar chailín toisc gur maith léi rudaí a dhéanamh a mheastar a bhaineann le buachaillí amháin, agus a mhalairt, magadh faoi bhuachaill a bhíonn ag súgradh le bréagáin a mheastar atá do chailíní.
- Magadh a dhéanamh faoin gcaoi a labhraíonn, a siúlann, nó a ghléasann duine
- A rá le duine go bhfuil sé ‘gay’ nó aerach chun é a ghortú agus cur as dó (tá sé tábhachtach go dtuigeann na daltaí go bhfuil daoine aeracha ann agus go bhfuil sé ceart go leor bheith aerach, ach níl sé ceart go leor an focal sin a úsáid chun duine a ghortú nó náire a chur air)

Bulaíocht mar gheall ar mhíchumas nó riachtanais speisialta oideachais

Iarrann an múinteoir ar na daltaí samplaí a thabhairt, amhail:

- Ag déanamh scigaitheas ar urlabhra nó ar ghluaiseachtaí duine, mar shampla, maolteanga, briotáil nó gluaiseachtaí neamhdheonacha
- Magadh faoi dheacracht nó míchumas ar leith, mar shampla, lagú radhairc nó éisteachta nó cathaoir rothaí a úsáid

Ag magadh faoi obair duine

BO 6- Cad atá ar eolas agam faoin mbulaíocht? Tá liosta ráiteas ar an mbileog seo faoin mbulaíocht, cuid acu atá fíor agus cuid acu nach bhfuil. I mbeirteanna, socraíonn na daltaí ar cé acu a shíleann siad atá fíor agus cé acu nach bhfuil. Is é seo an t-am chun foghlaim faoin mbulaíocht, dá bhrí sin, ba chóir a rá leis na daltaí gan a bheith ag imní mura bhfuil siad ar fad ar aon intinn le chéile.

Conclúid

Meabhraigh do na daltaí nach orthu an milleán riamh má dhéantar bulaíocht orthu agus gur chóir dóibh insint do dhuine fásta i gcónaí má tá bulaíocht á himirt orthu nó má tá sé ag tarlú do dhuine eile ar a bhfuil aithne acu.



Topaic 2 Ceacht 4

Cibearbhulaíocht

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Foghlaim cad is cibearbhulaíocht ann
- Tionchar an iompair bhulaíochta agus na dóigheanna a bhféadfadh sé dul i bhfeidhm ar dhaoine a thuiscint
- Straitéisí a fhorbairt chun cibearbhulaíocht a chosc agus a láimhseáil
- Foghlaim a thábhachtaí atá sé gan rúin a choinneáil faoi iompar bulaíochta

Acmhainní

AM 9: Cibearbhulaíocht - Nasc Físeáin:

AM 10: Físeán Stop, Blocáil, Inis

BO 7/ Nasc Baile is Scoile: Stop, Blocáil, Inis

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu táimid chun foghlaim faoi chineál eile bulaíochta-cibearbhulaíocht- agus cén chaoi í a chosc agus a láimhseáil.

Cuir na ceachtanna a rinneadh roimhe seo i gcuimhne don rang agus meabhraigh dóibh gurb iomaí cineál bulaíochta ann. D'fhéadfadh sé go bhfuil cibearbhulaíocht ar líne aitheanta cheana féin mar chineál iompar bulaíochta. Mura bhfuil, fiafraigh den rang an gceapann siad go bhféadfadh bulaíocht tarlú ar líne? Cad is féidir linn a dhéanamh má tharlaíonn an bhulaíocht ar líne? (Cibearbhulaíocht)

Tugtar cibearbhulaíocht ar bhulaíocht a tharlaíonn ar líne nó ar an nguthán.

Forbairt

Gníomhaíocht Smaoinigh/Péireáil/Roinn: Iarr ar na daltaí roinnt lena gcomhpháirtithe cad is cibearbhulaíocht ann dar leo.

Faigh aiseolas agus cinntigh go gcuirtear gach ceann acu seo a leanas san áireamh:

- Teachtaireachtaí, grianghraif nó pictiúir ghránna a sheoladh ó do ghuthán, ríomhaire glúine, nó gléas cluichíochta trí Facebook, Xbox, Playstation nó seirbhís teachtaireachta eile.
- Ligeann ort gur duine eile thú agus rudaí a phostáil ar líne a tharraingíonn míchúlú ar dhuine nó a chruthaíonn argóintí
- Bréaga, cúlchaint nó ráflaí a scaipeadh trí théacs nó ar líne.
- Teachtaireachtaí nó grianghraif ghránna, náireacha nó phríobháideacha de dhuine a sheoladh chuig daoine eile
- 'Is maith liom' a thabhairt do thuairimí gránna nó grianghraif faoi/de dhuine
- Úsáid a bhaint as an nguthán nó as an idirlíon chun duine éigin a fhágáil ar lár as an ngrúpa d'aon ghnó.

Nóta don Mhúinteoir:

Ní hionann teachtaireacht téacs aon uaire agus bulaíocht, ach is bulaíocht é teachtaireacht aon uaire ar líne toisc go bhféadfadh sé mearscaipeadh.



Tá sé tábhachtach a rá go láidir leis na daltaí má chuirtear teachtaireacht, pictiúr nó íomhá amháin atá maslach nó gránna ar shuíomh poiblí cosúil le Facebook, gur bulaíocht é sin.

AM 9 - Nasc Físeáin: Breathnaigh ar an bhfíseán faoin cibearbhulaíocht leis an rang, stop é ó am go chéile chun ceisteanna a chur ar na páistí faoi agus le fáil amach cén leibhéal tuisceana atá acu maidir leis na ceisteanna éagsúla a léirítear ann.

Ag deireadh an scannáin, tá sé tábhachtach plé a dhéanamh leis na daltaí faoin gcaoi a bhfuil sé níos éasca do dhuine cibearbhulaíocht a dhéanamh ort má chuireann tú eolas nó grianghraif phearsanta ar líne. Meabhraigh dóibh an chaoi ar thóg an bheirt chailíní san fhíseán pictiúr de phóstaer Becky chun é a scaipeadh ar líne.

Cad a d'fhéadfá a dhéanamh dá mbeadh cibearbhulaíocht á himirt ort?

Gníomhaíocht Ransú Smaointe: I ngrúpa de thriúr nó de cheathrar, pléigh agus déan taifead ar a bhfreagraí comhaontaithe ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cad iad mo rialacha sábháilteachta ar líne?
- Cé lenarbh fhéidir liom labhairt dá mbeinn buartha, trína chéile nó scanraithe faoi rud éigin ar líne?

Tóg aiseolas agus bí cinnte go gcuirtear na rialacha sábháilteachta seo a leanas san áireamh:

- Bí cúramach cé lena roinneann tú d'uimhir ghutháin
- Ná cuir suas faisnéis phearsanta, mar shampla, ainm, seoladh nó aon sonraí pearsanta eile, ar líne
- Cuimhnigh nach féidir aon ghrianghraif ná íomhánna a chuireann tú ar líne a bhaint go hiomlán go deo
- Ná creid go bhfuil gach duine a mbuaileann tú leo ar líne ag insint na fírinne faoi cé hiad féin
- Inis i gcónaí do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as má tá imní ort faoi rud éigin a fheiceann tú ar líne
- Má tá bulaíocht á himirt ort nó má fheiceann tú an bhulaíocht á himirt ar dhaoine eile ar líne, inis do dhuine fásta faoi a bhfuil muinín agat as
- Ná tabhair freagra riamh ar theachtaireachtaí nó ar théacsanna a chuireann trína chéile thú nó a scanraíonn thú – sábháil iad, taispeáin do dhuine fásta iad agus iarr orthu tuairisc a thabhairt faoi
- Má fhaigheann tú teachtaireachtaí nó grianghraif/pictiúir ghránna ar téacs nó ar líne, ná féach orthu arís agus arís eile toisc go bhféadfá a bheith an-trína chéile acu. Blocáil an té a sheol iad ionas nach mbeidh rochtain acu ar do ghrianghraif nó ar d'fhaisnéis phearsanta agus inis do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as
- Ná déan dearmad gur féidir leat d'uimhir ghutháin a athrú más gá má fhaigheann tú cárta SIM nua

Conclúid



FISEÁN

AM 10: STOP, BLOCÁIL, INIS: Seinn an físeán rapála chun an tsábháilteacht ar líne a threisiú agus chun an bhunriail a chur i gcuimhne do na daltaí:

STOP- ná tabhair freagra ar an teachtaireacht ach glac gabháil scáileáin

BLOCÁIL - cuir bac ar an seoltóir

INIS - do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as/aisti



BO 7 / Nasc Baile is Scoile: Tabhair amach focail an rap Stop, Blocáil, Inis. D'fhéadfadh na daltaí a leagan féin den rap a dhéanamh, a d'fhéadfaí a uaslódáil ar shuíomh gréasáin na scoile.

Tugann na daltaí an bhileog oibre abhaile leo chun rialacha an “STOP, BLOCÁIL, INIS” a roinnt le tuismitheoirí/caomhnóirí.

Gníomhaíocht Fairsingithe:

Déan póstaer grúpa nó cur i láthair PowerPoint de na rialacha chun a bheith sábháilte ar líne.



NASC

Tá tuilleadh ceachtanna ar úsáid shábháilte an idirlín don aois seo ar fáil ag www.webwise.ie/sphe

Topaic 2 Ceacht 5

Ag Déileáil le Bulaíocht

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Foghlaim a thábhachtaí atá sé gan rúin a choinneáil faoi iompar bulaíochta
- Tuiscint a fháil ar ról an fhéachadóir
 - Tacaíocht a thabhairt do dhaoine a bhfuil bulaíocht á himirt orthu
 - An rúndacht maidir leis an mbulaíocht a bhriseadh
- Straitéisí chun déileáil leis an mbulaíocht nó bagairtí bulaíochta a fhoghlaim agus a chleachtadh
- Daoine fásta arbh fhéidir leo cabhair a thabhairt dóibh a aithint.

Acmhainní

AM 11: Tobchumadh Céad Líne

AM 12: Leideanna sábháilteachta

AM 13: Rudaí Maithe le rá

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: *Labhróimid inniu faoi na mothúcháin a spreagann an bhulaíocht i ndaoine agus freisin faoi cad is féidir linn a dhéanamh le nach ndéanfar bulaíocht orainn féin ná ar dhaoine eile.*

Cuir an chéad topaic a rinne muid ar an gClár Bí Sábháilte i gcuimhne do na daltaí- Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte- agus cé mar a labhraíomar faoin dóigh a motháíonn an neamhshábháilteacht.

Forbairt

AM 11- Tobchumadh Céad Líne: Forbraíonn na páistí rólímirt a thosaíonn le habairt ar chárta Tobchumtha.

1. Cuirtear na cártaí Tobchumtha ar an deasc agus iad iompaithe síos. Cuir an rang ina ngrúpaí de cheathrar nó de chúigear. Roghnaíonn gach grúpa cárta. Forbraíonn an grúpa rólímirt ansin faoin mbulaíocht ar gá tosú leis an abairt ar an gcárta sin.
2. Roghnaíonn an grúpa baill chun ról an bhulaithe, ról an té ar a bhfuil an bhulaíocht á himirt agus ról na bhféachóirí a ghlacadh.
3. Tabhair 10 nóiméad ar a mhéad do na páistí le bheith ag obair ar an tobchumadh. Beidh orthu a dtaispeántais a phlé, a phleanáil, a chleachtadh agus críoch inchreidte a chur leo. Cuir Ceithre Fhocal Mhóra an Tobchumtha i gcuimhne dóibh:
 - Cén áit?
 - Cén uair? An t-am
 - Cé? ... na rólí/carachtair
 - Cad? ... Cad atá ag tarlú, an gníomh.

Ag dul ó ghrúpa go grúpa, tabhair tacaíocht agus cabhair d'aon ghrúpa atá ag streachailt.

Iarr ar chuid de na grúpaí a gcumadóireacht a dhéanamh os comhair an ranga ar fad.

Pointí Plé:

Cuir ceist ar na páistí, agus iad sna ról:

- Conas a mhothaigh sé bheith i mbun iompar bulaíochta?
- Conas a mhothaigh an slua faoina raibh ag tarlú?
- Conas a mhothaigh an duine ar a raibh an bhulaíocht á himirt?

Oscail an plé anois don rang, ag díriú ar na mothúcháin a spreagann an bhulaíocht i nduine agus an díobháil a dhéanann sí.

Cad is féidir le duine ar a bhfuil bulaíocht á himirt a dhéanamh chun deireadh a chur léi?

Déan iniúchadh ar na cineálacha iompair a d'fhéadfadh cabhrú leis an duine sin, mar shampla

(AM 12: Leideanna sábháilteachta):

- Seasamh go diongbháilte agus go muiníneach
- De ghuth ard, abair rud éigin ar nós “Stop é sin”, “Imigh leat” nó “Tá mé chun gearán a dhéanamh fút leis an múinteoir.”
- Coinnigh guaim ort féin cé go mothaíonn tú trína chéile agus an-fheargach.

I mbeirteanna, déanann na páistí cleachtadh ar na straitéisí thuas, ag babhtáil lena chéile ról an bhulaiithe agus ról an té ar bhfuil an bhulaíocht á himirt a ghlacadh.

CUIMHNIGH! Bíonn cabhair ó dhuine fásta ag teastáil ó dhaoine óga chun dul i ngleic leis an mbulaíocht. Mura bhfaigheann tú cabhair trí insint do thuismitheoir ná do mhúinteoir faoi, éireoidh sé níos measa. Ba cheart duit coinneáil ort ag insint an scéil arís agus arís eile go dtí go bhfaighidh tú cabhair.

Cad a d'fhéadfá a dhéanamh dá mbeadh a fhios agat go raibh bulaíocht á himirt ar dhuine?

Pléigh ról an tslua sa bhulaíocht. Cuir an chaoi ar mhothaigh siad féin mar shlua ag féachaint sa rólimirt i gcuimhne do na daltaí.

Conas is féidir leis an slua cabhrú? Is féidir cabhrú trí:

- Seasamh suas do dhuine eile. Abair leis an duine atá ag déanamh na bulaíochta gan a bheith chomh gránna ná mailíseach sin agus mura stopfaidh sé, go bhfuil tú chun an scéal a insint do dhuine fásta.

Taispeáin **AM 13 ‘Rudaí Maithe le Rá’** dóibh agus pléigh é.

- Bí i do chara ag an duine.
- Inis an scéal do dhuine fásta ar féidir leis cabhrú- cuimhnigh ar an gCúigear Lontaofa ó na ceachtanna a rinneadh roimhe seo.

Conclúid

Meabhraigh do na daltaí go ngortaíonn an bhulaíocht agus go bhfágann sí daoine ag mothú go dona i gcónaí. Má tá bulaíocht á himirt ortsa nó má tá aithne agat ar aon duine ar a bhfuil bulaíocht á himirt, ba chóir duit é sin a insint do dhuine fásta agus coinneáil ort ag insint an scéil nó go bhfaighidh tú cabhair.



Topaic 2 Ceacht 6

Comhaontú Ranga

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Cineálacha iompair atá inghlactha sa seomra ranga agus sa scoil a phlé agus a chomhaontú
- Cineálacha iompair nach bhfuil inghlactha sa seomra ranga ná sa scoil a phlé agus a chomhaontú
- Comhaontú ranga a scríobh
- A gcomhaontú ranga a chomhaontú agus a roinnt le príomhoide na scoile agus lena dtuismitheoirí

Acmhainní

BO 8 / Nasc Baile is Scoile: Ár gComhaontú Ranga

BO 9: Ag Cloí lenár gComhaontú

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu déanfaimid comhaontú ranga faoi céard is féidir linn a dhéanamh chun deireadh a chur le hiompar bulaíochta agus chun go mbeidh ár rang ina áit shábháilte do gach duine.

Anois toisc go dtuigimid go leor faoin mbulaíocht - na mothúcháin a spreagann sí i nduine agus céard is féidir a dhéanamh faoi - an féidir linn comhaontú a dhearadh sa rang seo chun seasamh le chéile i gcoinne iompar bulaíochta? Cad is ceart a chur sa chomhaontú seo?

Forbairt

Roinn na daltaí ina ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar agus tabhair cúpla nóiméad dóibh plé a dhéanamh ar na cineálacha iompair nach bhfuil inghlactha, agus céard is féidir linn a dhéanamh chun cosc a chur ar bhulaíocht sa rang.

Tugtar bileog mhór pháipéir do gach grúpa ar a gcuirfidh siad dhá cheannteideal: “Déanfaimid” (cad a dhéanfaimid le go mbeidh ár rang sábháilte) agus “Ní dhéanfaimid” (iompar nach nglacfaimid leis).

Iarr ar gach grúpa aiseolas a thabhairt ar an méid atá scríofa acu agus cuir na moltaí ar fad ar an gclár bán.

Tar éis plé a dhéanamh, roghnaíonn na daltaí trí nó ceithre ráiteas faoi gach ceannteideal le bheith mar chuid den Chomhaontú Ranga.

Comhaontú Ranga Samplach

Déanfaimid:

- Caithfimid go deas agus go measúil lena chéile agus le gach duine sa scoil.
- Beidh meas againn ar mhothúcháin a chéile.
- Déanfaimid cinnte go mothaíonn gach duine ar a shuaimhneas
- Inseoimid é má tá a fhios againn go bhfuil duine á ghortú/gortú de bharr bulaíochta.

Ní dhéanfaimid:

- Ní ghortóimid a chéile ar bhealach ar bith
- Ní fhágfaimid daoine eile ar lár
- Ní phostálfaimid teachtaireachtaí mailíseacha agus ní thabharfaimid 'is maith liom' dóibh
- Ní bheimid gránna ná mailíseach le daoine eile.

BO 8 / Nasc Baile is Scoile: Ár gComhaontú Ranga: Tugtar bileog do gach dalta le cur i gcrích.

Ba cheart do gach dalta leagan mór den Chomhaontú Ranga a shíniú. Ba cheart é a bheith ar taispeáint go breá soiléir sa seomra ranga don chuid eile den scoilbhliain.



Conclúid

Pléigh leis na daltaí cé eile lenar mhaith leo an comhaontú a roinnt, mar shampla, príomhoide na scoile nó ranganna eile.



BO 8 / Nasc Baile is Scoile: Ár gComhaontú Ranga: D'fhéadfaí cóip shínithe den Chomhaontú Ranga a chur abhaile le gach dalta le heolas a scaipeadh faoina bhfuil beartaithe ag na daltaí.



An Comhaontú a Chur Chun Feidhme agus Monatóireacht a Dhéanamh air



BO 9 - Ag Cloí lenár gComhaontú: Gach cúpla seachtain, d'fhéadfaí BO 9 a thabhairt amach chun seiceáil leis na daltaí go bhfuil siad ag cloí leis an gcomhaontú.



Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 4

Rang a 3 agus Rang a 4

Dán Cairdis

C

A

I

R

D

E

Ar scoil inniu labhraíomar faoi a thábhachtaí atá an cairdeas agus bheith ag caitheamh lena chéile go measúil agus go cúirtéiseach.

Féadfaidh do pháiste dán cairdis a scríobh. Tosaíonn gach líne le ceann de na litreacha thuas.



Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:



Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 5

Rang a 3 agus Rang a 4


Cad is bulaíocht ann?

Is ionann bulaíocht


Goilliúnach



Arís is arís



D'aon ghnó




Inniu d'fhoghlaimíomar faoin mbulaíocht agus an díobháil a d'fhéadfadh sí a dhéanamh duit go fisiciúil, ó bhéal agus/nó go moth-úchánach.

D'fhoghlaimíomar an sainmhíniú ar bhu-laíocht.

bí
sábháilte

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:



BILEOG OIBRE 6
Rang a 3 agus Rang a 4

Cad atá ar eolas agam faoin mbulaíocht?

Ticeáil

**Aontaím/Ní Aontaím/
Nílím Cinnte**



AONTAÍM

NÍ AONTAÍM

NÍLIM CINNTE

1. Is ionann bulaíocht agus pleidhcíocht
2. Buachaillí amháin a dhéanann bulaíocht
3. Is bréagadóirí iad daoine a dhéanann gearán faoin mbulaíocht
4. Tá an bhulaíocht tuillte ag páistí áirithe mar gheall ar an gcaoi a mbreathnaíonn siad, an chaoi a ngníomhaíonn siad nó an chaoi a n-iompraíonn siad iad féin
5. Is ionann bulaíocht agus magadh faoi dhuine de bharr an chaoi a labhraíonn sé nó an chaoi a n-iompraíonn sé é féin.
6. An rud is fearr le déanamh má dhéantar bulaíocht ort ná troid ar ais
7. Níl i gceist leis an mbulaíocht ach daoine eile a bhualadh
8. Baileoidh bulaithe leo má thugtar neamhaird dóibh
9. Seans go mbeidh daoine a ndéantar bulaíocht orthu gortaithe ar feadh píosa ach tiocfaidh siad as
10. Is ionann bulaíocht agus teachtaireachtaí téacs gránna a sheoladh arís agus arís eile

**bí
sábháilte**



Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 7

Rang a 3 agus Rang a 4

Rialacha Rapála!

Stop...Blocáil...Inis

Stop Cibearbhulaíocht anois
Blocáil má thuigeann tú conas
Inis an scéal, beidh sé go breá
Ní féidir a bheith scanraithe gach lá

Stop...Blocáil...Inis

Má bhíonn cibearbhulaithe do do chrá
Bí san airdeall agus seas go hard
Ba cheart do bhulaithe smaoineamh
roimh ré
Mura stopfaidh siad, réiteoidimid é

Stop...Blocáil...Inis

Tá sé in am stopadh agus bheith chun
cinn
Ná bíodh faitíos ort, éistfear linn
Ná scríobh rud gránna, ná géill don
chathú
Cuimhnigh ar na daoine a ghortóidh tú

Stop...Blocáil...Inis

Cuir síos do tháibléad nó guthán
Níl tú i d'aonarán
Scaoil amach an tocht ó do chroí
Agus tiocfaimid as in éindí

Stop...Blocáil...Inis

Stop Cibearbhulaíocht anois
Blocáil má thuigeann tú conas
Inis an scéal, beidh sé go breá
Ní féidir a bheith scanraithe gach lá

Stop...Blocáil...Inis



Labhair le do pháiste maidir le
cad is féidir a dhéanamh le bheith
sábháilte ar líne



Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:



Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 8

Rang a 3 agus Rang a 4

Comhaontú Ranga

Sa Rang seo

Déanfaimid

Ní dhéanfaimid


Sínithe:

Labhair le do pháiste faoin gcomhaontú ranga atá comhaontaithe agus sínithe ag na daltaí ar fad.

bí
sábháilte

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:



BILEOG OIBRE 9
Rang a 3 agus Rang a 4

Ag Cloí lenár gComhaontú

Ainm:

Chomhlíon mé an comhaontú an tseachtain seo trí:

Bhris mé an comhaontú an tseachtain seo trí:

Ba dheacair dom cloí leis de bharr:

Bealach amháin a chabhróidh liom an fhadhb seo a réiteach ná:



Topaic 3

Tadhaill

Réasúnaíocht don Topaic

Mar gheall ar thuairiscí rialta sna meáin is maith is eol dúinn go léir agus is mór an feall é go bhfuil mí-úsáid ghnéasach á déanamh ar leanaí. Aithnítear freisin nach dtugtar tuairisc riamh ar go leor cásanna mí-úsáide leanaí agus go mbíonn leanaí ag fulaingt i ngan fhios don saol. Tarlaíonn mí-úsáid ghnéasach leanaí i ngach grúpa socheacnamaíoch agus nach mór i gcónaí bíonn aithne mhaith ag an leanbh agus ag a t(h)eaghlach ar an té a bhíonn ag gabháil don mhí-úsáid. Tá sé de chúram ar an tsochaí páistí a chosaint ó mhí-úsáid ach caithfear an t-eolas agus na straitéisí a thabhairt do pháistí freisin chun iad féin a chosaint.

Sna ceachtanna seo, tugtar an deis do pháistí tadhaill chuif a phlé agus an rud is tadhall cuif ann a mheas. Múintear go sainráite dóibh faoi thadhall mí-oiriúnach agus cuidítear leo a thuiscint nach bhfuil sé de cheart ag aon duine a gcorp a thadhall ar bhealach a chuireann imní orthu nó a fhágann ag mothú neamhshábháilte iad.

D'fhonn deiseanna a thabhairt do leanaí an inniúlacht agus an mhuinín a fhorbairt atá ag teastáil chun cásanna mí-úsáide a láimhseáil, múintear agus cleachtar straitéisí sábháilteachta pearsanta, lena n-áirítear daoine fásta a bhfuil muinín ag leanaí astu agus in ann labhairt leo a aithint.





MAPÁIL LEIS AN G CURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonad

MISE

Sábháilteacht agus Cosaint: Sábháilteacht Phearsanta

- Daoine, staideanna agus áiteanna a d'fhéadfadh sábháilteacht phearsanta a chur i mbaol a aithint.
- Dul i gceann tuisceana go bhfásann freagracht as sábháilteacht phearsanta de réir mar a fhasann neamhspleáchas, agus go gcaithfidh gach duine straitéis a choinneoidh slán é/i i bhfochair daoine eile a fhorbairt agus cloí leis.

Snáithaonad

Ag Fás agus ag Athrú

- Tosú ar an ngá le spás agus le príobháideacht sa saol a léirthuisint

Snáithaonad

Ag Tabhairt Aire do Mo Chorp: Bheith Eolach ar Mo Chorp

- an tábhacht a bhaineann le haire agus cúram a thabhairt dá chorp/dá corp féin, agus do chorp daoine eile, le dínit agus le meas a aithint

Naíonáin Bheaga/Mhóra	Rang a 1/2	Rang a 3/4
Príobháideach	Gotha gnúise	Míbhúíoch
Poiblí	Comharthaíocht choirp	Míchompordach
Pearsanta	Náirithe	Baill phríobháideacha
Bod	Iontaoibh	
Faighin		
Cíoch		
Mearbhlach		
Na Céadfaí-Feiceáil, Cloisteáil, Bolú, Blaiseadh, Tadhall		
Rún		

Topaic 3 **Ceacht 1**

Cineálacha difriúla

Tadhaill

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Nóta don Mhúinteoir:

Agus plé á dhéanamh ar thadhaill mhíchúí i gCeacht 2, tá sé tábhachtach smaoineamh go bhféadfadh sé gur fhulaing duine éigin i do rang mí-úsáid nó go bhfuil siad ag fulaingt mí-úsáide faoi láthair. Is fiú meabhrú do dhaltaí, má tá siad trína chéile de bharr aon cheist a ardaítear, gur chóir dóibh labhairt go príobháideach leat féin nó le duine fásta eile a bhfuil muinín acu as.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Luach an ghnáthcheana a thuiscint
- Foghlaim faoi spás coirp príobháideach
- Tadhaill a thaitníonn leo, tadhaill nach dtaitníonn leo agus tadhaill a chuireann mearbhall orthu a aithint
- Foghlaim go bhfuil sé go breá i gcónaí cabhair a lorg
- Cleachtaigh conas “níl” a rá agus cabhair a lorg.

Acmhainní

AM 14: Nasc Físeáin - Úinéireacht Choirp

BO 10: Cad faoi

BO/Nasc Baile is Scoile 11: Tadhaill a Thaitníonn Liom, Tadhaill Nach dTaitníonn Liom

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu beimid ag foghlaim faoi na cineálacha tadhaill éagsúla agus cad is féidir leat a dhéanamh má thadhlaíonn duine tú ar bhealach nach dtaitníonn leat.

Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimíonn páistí gur leo féin a gcorp agus go bhfuil sé de cheart acu a rá cé a thadhlaíonn iad agus cén chaoi.

Abair leis na daltaí go mbeimid ag plé le tadhaill inniu - tadhaill a thaitníonn linn, tadhaill nach dtaitníonn linn agus tadhaill nach bhfuilimid cinnte fúthu.

Forbairt**Tadhaill a Thaitníonn Liom**

Iarr ar na daltaí samplaí a thabhairt de thadhaill a thaitníonn sé leo a dhéanamh nó a fháil. D'fhéadfá babhta de “Is maith liom nuair...” a dhéanamh leis an rang. Ainmníonn na daltaí tadhaill a thaitníonn leo, mar shampla, “Is maith liom é nuair a thugann Daid barróg mhór dom nó nuair a bhuaileann cara bosa in airde orm tar éis cúl a fháil.”

Cén fáth go bhfuil na tadhaill seo go maith? Is tadhaill iad lena mothaimid ceart go leor, te, sábháilte agus go bhfuil cion ag duine eile orainn.

Samplaí de dheathadhaill ná barróga, croitheadh láimhe, bosa in airde, póga, scríobhadh ar do dhroim, bosóga ar do cheann/ghualainn, agus croí isteach le duine a dtugann tú grá dó (mar shampla, nuair a chuachann tú isteach le Maim/Daid/Mamó agus sibh ag breathnú ar an teilifís).

Tadhaill nach dtaitníonn liom

Cuir cuid de na ceisteanna a pléadh cheana i gcuimhne do na daltaí maidir leis an mbulaíocht fhisiciúil agus an chaoi a ngortaímid daoine nó a gcuirimid trína chéile iad uaireanta leis an mbealach a dhéanaimid iad a thadhlaí, mar shampla, bualadh nó ciceáil.

Is iad seo na tadhail nach dtaitníonn linn. Is ionann drochthadhall agus tadhail a fhágann ag mothú go dona, go neamhshábháilte nó go heaglach thú. Féadfaidh drochthadhall tú a ghortú nó ballbhrú trom, gearradh, cnámh briste nó dó a fhágáil ort.

Iarr ar na daltaí samplaí a thabhairt de dhrochthadhail nach dtaitníonn le daoine.

Cén mothú a mhúscloíonn drochthadhall ionainn? (Cortaithe, míchompordach, go dona, eaglach)

Tadhail a chuireann mearbhall orainn

Is é an cineál tadhail deireanach a phléifimid ná tadhail a chuireann mearbhall orainn. Is ionann tadhail a chuireann mearbhall orainn agus tadhail a fhágann ag mothú neamhshábháilte thú, a chuireann trína chéile thú, nó a fhágann go bhfuil tú ag mothú míshocair nó mearaithe. D'fhéadfadh tadhail a chuireann mearbhall ort tosú ceart go leor ach ansin nach mbíonn sé ceart go leor sa deireadh. I measc samplaí de thadhail a chuireann mearbhall orainn, bíonn barróga móra a bhíonn rófháiscthe, dinglis (nuair a thosaíonn sé ag cur pian ort nó nach stopann an duine), agus póga ó dhuine nach bhfuil aithne mhaith agat air nó nach bhfuil tú compordach ina chomhlúadar.



AM 14 - Nasc Físeáin: Breathnaigh ar an bhfíseán seo faoin dinglis a léiríonn cén chaoi a thosaíonn tadhail ar bhealach a mhothaíonn go maith, ach a chríochnaíonn ar bhealach a mhothaíonn go dona. Labhraítear ann freisin faoina thábhachtaí atá sé a rá le duine stopadh.

Iarr ar na daltaí samplaí eile a thabhairt duit de thadhail a chuireann mearbhall ort, mar shampla, bosa in airde nó leadóg sa droim ort atá róláidir.



Cad is féidir leat a dhéanamh?

BO 10 - Tadhail, Cad a tharlaíonn: D'fhéadfaí an ghníomhaíocht seo a dhéanamh trí phlé, mar atá leagtha amach thíos.

Tabhair cóip den bhileog oibre do na daltaí le meas iad féin.

Ansin, i mbeirteanna, pléann na daltaí céard a d'fhéadfadh siad a dhéanamh sna cásanna seo ar fad. D'fhéadfaí tadhail eile a roghnú a luadh níos túisce agus atá níos tábhachtaí don rang.

Mar rang iomlán, gríosaiigh díospóireacht maidir le cén chaoi is féidir freagairt i ngach cás.

- Cad a tharlaíonn mura dtaitníonn sé leat nuair a bhaineann d'Aintín Sarah pinse asat ar do leiceann gach uair a thagann sí ar cuairt agus deireann leat gur tusa an neacht is fearr léi ar domhan?
- Cad a tharlaíonn má choinníonn do dheirfiúr níos sine uirthi ag cur dinglis ionat agus nach stopfaidh sí?
- Cad a tharlaíonn nuair a bhuaileann do bhainisteoir peile boiseog láidir sa droim ort gach uair a fhaigheann tú cúl?
- Cad a tharlaíonn má mhothaíonn tú míchompordach gach uair a iarrann do mháthair ort a cairde a phógadh nó barróg a thabhairt dóibh agus iad ag fágáil?

Pléigh cuid de na cruachásanna nó fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn, cuir i gcás, nuair atá tú ag iarraidh stop a chur le duine agus nár mhaith leat é a ghortú.

Pointí don athphlé:

- Uaireanta ní thuigeann daoine conas a mhothaímid faoi thadhall agus bíonn sé deacair orainn aon rud a rá leo. Seans gur gá cabhair a fháil ó dhuine fásta eile sna cásanna seo, cosúil le tuismitheoir nó múinteoir. Cuir i gcás, i gcás Aintín Sarah, seans go bhféadfá labhairt le tuismitheoir faoin gcaoi a mhothaíonn tú agus seans go labhróidh siad le hAintín Sarah faoi ina dhiaidh sin. Tar éis an tsaoil, níor mhaith leat Aintín Sarah a ghortú mar is léir go bhfuil sí an-tógtha leat.
- Tá sé an-tábhachtach go bhfaigheadh na daltaí an teachtaireacht go bhfuil sé ceart go leor i gcónaí 'Stop' a rá le tadhall nach bhfuil siad a iarraidh nó nach dtaitníonn leo.
- Cuir béim ar an tábhacht atá le 'Stop' a rá chun a bheith sábháilte agus go bhfuil sé ceart go leor 'Stop' a rá le duine fásta má tá an duine fásta ag iarraidh ort rud éigin atá contúirteach nó mícheart a dhéanamh nó rud a fhágann ag mothú neamhshábháilte thú.

Fiafraigh de na daltaí an bhfuil siad in ann smaoineamh ar uaireanta eile a mbeadh sé ceart go leor 'Stop' a rá le duine fásta. Abair go láidir go bhfuil sé ceart go leor i gcónaí 'Stop' a rá má mhothaíonn tú go dona nó má bhíonn mearbhall ort faoi thadhall, nó má iarrtar ort rud a dhéanamh atá contúirteach do do shábháilteacht phearsanta féin.

Tabhair deis do na daltaí cleachtadh a dhéanamh ar "Stop" nó "Ní mhaith liom nuair a dhéanann tú é sin" nó "Fan amach uaim" a rá.

Ba cheart míniú do na páistí freisin má iarrann siad ar dhuine stopadh sna cásanna seo, gur cheart don duine sin stopadh i gcónaí. Mura stopann an duine, ba cheart dóibh é a rá le duine fásta eile agus cabhair a fháil.

Conclúid

D'fhoghlaimíomar gur ionann dea-thadhall agus tadhall a fhágann ag mothú go maith, go teolaí agus go sábháilte muid.

Is ionann drochthadhall agus tadhall a fhágann ag mothú go dona, go neamhshábháilte agus go heaglach muid.

Is ionann tadhall a chuireann mearbhall orainn agus tadhall a chuireann trína chéile muid nó a fhágann ag mothú mearaithe muid, cé go mb'fhéidir gur mhothaigh sé ceart go leor ag an tús.

Má thadhlaíonn duine thú ar bhealach nach maith leat, nó nach bhfuil tú cinnte faoi, nó a mhothaíonn tú atá mícheart, abair 'Stop' de ghuth láidir agus imigh leat go dtí áit shábháilte. Cuimhnigh ar do Rialacha Bí Sábháilte: Abair 'Stop', Imigh Leat agus Inis do Dhuine Éigin É. Ní mór duit labhairt i gcónaí le duine fásta a bhfuil muinín agat as.

BO/Nasc Baile is Scoile 11: Tadhall a Thaitníonn Liom, Tadhail Nach dTaitníonn Liom: Tugann na daltaí Bileog Oibre 11 abhaile chun í a phlé agus a chríochnú le tuismitheoir/caomhnóir.



Topaic 3 **Ceacht 2**

Tadhaill

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

**Nóta don Mhúinteoir:**

Tá an méid seo a leanas luaite mar chuspóir ábhair do naonáin ar an gCuraclam OSPS: “Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste codanna den chorp fireann is den chorp baineann a ainmniú, ag úsáid téarmaí anatamaíocha oiriúnacha”.

Cé go bhfásann go leor páistí suas agus ‘leasainmneacha’ acu ar na baill phríobháideacha den chorp, tá sé tábhachtach go bhfoghlaimíonn do pháiste na téarmaí anatamaíocha cearta le haghaidh codanna príobháideacha a choirp.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Na mothúcháin a cheanglaíonn siad le tadhaill dhifriúla a aithint
- Baill phríobháideacha a gcoirp a aithint agus a ainmniú
- Teach ar an tuiscint go gcaithfidh siad na rialacha ‘Bí Sábháilte’ atá againn a úsáid má thadhlaíonn duine iad, is cuma cé hé, ar bhaill phríobháideacha a gcoirp gan chúis mhaith - abair ‘Stop’, imigh leat agus inis do dhuine éigin faoi
- Foghlaim nár chóir dóibh riamh rúin a choinneáil faoi thadhall
- Na scileanna, an mhuinín agus na straitéisí a fhorbairt chun ‘Stop’ a rá le tadhaill nach dteastaíonn uathu

Acmhainní

AM 15: Scéal Ali

AM 16: Scéal Rachel

AM 17: Físeán Dea-Thadhall, Drochthadhall UNICEF

BO 12/NBS: Ná coinneigh tadhall faoi rún riamh

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Labhróimid inniu faoin gcúis nár chóir dúinn rúin a choinneáil riamh faoi thadhall. Níor chóir d’aon duine, fiú má tá grá againn don duine sin agus muinín againn as, iarraidh ort tadhall a choinneáil faoi rún riamh.

Déan **Bileog Oibre 11 / NBS ina dhiaidh: Tadhaill:** Iarr ar na daltaí a bhfreagraí críochnaithe a roinnt lena ngrúpaí agus leis an rang ar fad ina dhiaidh sin. (Tabhair faoi deara: Ní gá do na daltaí mothúcháin phearsanta faoi thadhall a roinnt leis an ngrúpa ach amháin má mhothaíonn siad compordach faoi.)

Cuir na freagraí i gcomparáid agus déan iniúchadh ar an gcaoi a bhfuil mothúcháin ar leith ag gach duine maidir le tadhall. Cuir an físeán faoi dhinglis ar bhreathnaigh na daltaí air cheana i gcuimhne dóibh; físeán a léiríonn cén chaoi ar féidir le tadhaill a bheith go maith ar dtús ach sa deireadh go gcuireann siad mearbhall orainn nó go bhfágann siad muid ag mothú go dona.

Forbairt**Príobháideach/Poiblí**

Pléigh brí an fhocail ‘príobháideach’ leis na daltaí- rud éigin nár mhaith linn go bhfeicfeadh gach duine, ná go n-éistfí leis nó go mbeadh a fhios ag gach duine faoi. Nuair atá rud éigin príobháideach, ciallaíonn sé sin gur linn féin é agus nach bhfuil sé poiblí- níor chóir é a chur faoi bhráid an phobail.

Iarr ar na daltaí samplaí a thabhairt de rudaí atá príobháideach. Cuir i gcás, nuair a úsáidimid an leithreas ar scoil, dúnaimid an doras ar mhaithe le príobháideachas, nó b’fhéidir go gcoinnímid dialann nach roinnimid le daoine eile. Chomh maith leis sin, nuair a thagann ár dtuismitheoirí ar scoil chun labhairt leis an múinteoir faoi conas atá ag éirí linn, is cruinniú príobháideach é.

Tá áiteanna ar ár gcorp atá príobháideach freisin. De ghnáth, nuair a labhraímid faoi bhaill phríobháideacha ár gcoirp, is éard atá i gceist againn ná na codanna den chorp atá clúdaithe ag ár bhfo-éadaí nó ár gculaith snámha.

Níor cheart d'aon duine riamh baill phríobháideacha do choirp a thadhall gan cúis mhaith. Fiafraigh de na daltaí an féidir leo smaoineamh ar chúis mhaith nuair a bheadh sé ceart go leor baill phríobháideacha corp duine a thadhall, mar shampla, nuair a bhíonn clúidín glan de dhíth ar leanbh; nó má bhíonn cuidiú de dhíth ar dhuine níos sine, páiste nó duine fásta, chun iad féin a ghlanadh toisc nach féidir leo féin é a dhéanamh - b'fhéidir go mbeidís tinn nó go bhfuil míchumas orthu agus ní féidir leo cúram a thabhairt dá gcorp féin; nó más gá do dhochtúir nó banaltra corp duine a scrúdú.

Más gá lámh a leagan ar bhaill phríobháideacha do choirp, níor chóir go mbeadh sé rúnda riamh agus níor chóir d'aon duine iarraidh ort rún a dhéanamh de.

Úsáid scéal acu seo a leanas, **AM 15 - Scéal Ali nó AM 16 - Scéal Rachel** agus an plé leantach le díriú ar an ngá atá le hinsint faoi rúin agus faoi thadhall.

Tadhall Míchuí a láimhseáil

AM 15 - Scéal Ali

Bhí cónaí ar Ali in Éirinn ceithre bliana roimhe sin in éineacht lena Mhama agus lena dheirfiúr mór. Bhí siad ag cur fúthu i mbaile beag cois trá. Bhí an saol sách aisteach dóibh ar fad in Éirinn ar dtús, bhí an bia difriúil, bhí na tithe difriúil, fiú bhí an aimsir difriúil agus ní raibh cónaí air in aice na farraige riamh cheana.

Thóg sé píosa fada socrú síos in Éirinn, ach chuir sé aithne ar Sam agus bhí sé níos éasca ansin. Bhí cónaí ar Sam agus ar a theaghlach béal dorais agus chuir siad fáilte mhór rompu go léir! Nuair a thosaigh Ali ag an scoil áitiúil bhí ríméad mór air a bheith sa rang céanna le Sam! Níorbh fhada go raibh an bheirt an-mhór lena chéile. Shiúil siad ar scoil le chéile, d'imir siad peile i ngairdín mór Sam agus nuair a thosaigh athair Sam á thabhairt chuig ceachtanna snámha, thug sé cuireadh do Ali dul in éineacht leo.


Thóg sé tamall fada ar Ali snámh a fhoghlaim ach b'fhada leis anois gach seachtain go ngabhfaidh sé chuig an linn snámha in éineacht le Sam agus a Dhaide.

Lá amháin, i rith laethanta saoire an tsamhraidh, chuaigh Ali agus a Mhama ag an trá. Tar éis dóibh a gcuid tuáillí a scaradh amach agus picnic a bheith acu thug Ali faoi deara go raibh cúpla buachaill as a rang ag spraoi san uisce. Dúirt a Mham leis go bhféadfadh sé dul in éineacht leo ach a bheith cúramach agus gan dul rófhada amach. Ansin dúirt sí go bhfaca sí Deaide Sam ann agus go mbeadh sé sábháilte mar sin.

Bhéic Sam agus na buachaillí eile ar Ali nuair a chonaic siad é ag déanamh orthu. Bhí tonnchlár coirp buí tógtha as an gcarr ag Deaide Sam agus bhí na buachaillí go léir ag béicil ag iarraidh dul air. Bhí Sam an-chliste agus é in ann luí air agus bheith ag lapadail ar an gcladach ach thit formhór na mbuachaillí eile de go tapa. Fuair Ali deis ansin. Choinnigh Daide Sam an clár socair san uisce agus chuaigh Ali in airde air ach nuair a thosaigh sé ag lapadail lena lámha d'airigh sé é féin ag sleamhnú de. Rug Deaide Sam air agus bhrúigh sé suas ar an gclár arís é. Rinne Ali tuilleadh lapadaíola lena lámha agus bhí sé ag sleamhnú arís, ach arís bhí Daide Sam lena thaobh, choinnigh a lámha móra thuas ar an gclár é, agus ba chosúil go raibh sé ag brú an chláir níos faide isteach san uisce domhain. De réir mar a bhí Ali ag sleamhnú anonn is anall ar an gclár mhothaigh sé lámha an fhir ar a cholainn, á choinneáil thuas ar an gclár, ach bhí Ali ag éirí míchompordach.

Níor thaitin an áit a raibh Deaide Sam á thadhall leis. Uaireanta choinnigh sé a lámh ar a thóin rófhada agus uaireanta eile mhothaigh sé a mhéara faoi chulaith snámha Ali, ag tadhall a bhall giniúna.

Mheas Ali go raibh sé seo ag dul ar aghaidh ar feadh píosa fada agus chuala



sé na buachaillí eile ag béicíl, “Bhí i bhfad níos mó ama aige sin ar an gclár ná muidne!”, “Níl sé sin ceart ná cóir”, agus d’iompaigh athair Sam an clár timpeall agus bhrúigh sé ar ais ar an gcladach é, áit ar imigh Ali de.

Shiúil sé ar ais ar an ngaineamh agus mhothaigh sé lag agus fuar. Ní raibh sé cinnte, an raibh sé fuar, nó an raibh faitíos air roimh rud éigin? Ghlac Ali buíochas le Sam agus rith sé chun a thuáille a fháil ó Mhama, a d’fhiafraigh dó cúpla uair an raibh sé ceart go leor, mar go raibh sé trína chéile, dar léi.

Ach cad a d’fhéadfadh sé a rá léi? Cén chaoi a míneodh sé chomh neamhshábháilte is a mhothaigh sé nuair a bhí Deaide Sam i ngreim ann ar an tonnchlár coirp?

Pointí Plé:

- Cad ba cheart d’Ali a dhéanamh?
- Cén fáth go mb’fhéidir go mbeadh sé deacair é a insint?
- Cad a d’fhéadfadh tarlú mura n-insíonn sé do Mham faoi?
- Cad a dhéanadh Ali dá n-iarrfaí air dul le Sam agus a Dhaide le haghaidh lá eile ar an trá?
- Conas a mhothódh sé, meas tú, faoi dhul isteach i dteach nó i ngairdín Sam ina dhiaidh seo?


Críochnaigh an scéal:

“An bhfuil gach rud ceart go leor?” A d’fhiafraigh Mam d’Ali agus é á thriomú féin. “Ar tharla rud éigin, Ali?”

“Níl a fhios agam,” arsa Ali.

D’inis Ali dá Mham faoin méid a rinne Daide Sam agus chomh míchompordach a bhí sé leis.

Nuair a stad sé den chaint, chuir Mam i gcuimhne dó go mbíonn sé i gcónaí ceart diúltú don tadhall nach maith leat agus go raibh an ceart aige insint di.



AM 16 - Scéal Rachel:

Ó bhí sí 6 bliana d’aois, ba ghnách le Rachel fanacht lena hAintín Miriam agus a hUncail Tim gach saoire scoile. Nuair a bhí sí beag óg, b’aoibhinn léi dul ann. Ba ghnách lena huncail bréagáin a cheannach di, scéalta a léamh di agus súgradh léi. Bhí a croí istigh sa chluiche cigilte a d’imríodh sé léi. Ach ní anois. An cúpla uair dheireanach, níor thaitin an cluiche léi. Dúirt sí leis stad ach níor stad sé agus ansin thosaigh sé ag leagan lámh ar a faighin.

Scanraigh sé í agus bhí sí trína chéile. Dúirt sé gur rún a bhí ann ag an mbeirt acu agus gan insint do dhuine ar bith eile. Tar éis na cuairte deiridh, dúirt Rachel lena Daide nár mhaith léi fanacht i dteach a haintín agus a huncail níos mó. Bhí Daide míshásta léi agus dúirt léi gur chóir di bheith buíoch díobh as gach rud a rinne siad di. Dúirt sé gurbh eisean a shocródh cén uair a rachadh Rachel ar cuairt chucu.

Pointí Plé:

- Cad é ba chóir do Rachel a dhéanamh? Samhlaigh gur tusa cara Rachel agus go bhfuil sí ag insint duit faoi seo. Cad é a deir tú léi agus cad é is féidir a dhéanamh?
- Ina mbeirteanna, oibríonn daltaí ar chomhrá a bheadh ag Rachel lena Daide, nó le cara léi, nó le deirfiúr, deartháir srl. D’fhéadfadh na daltaí rólíomirt a dhéanamh den chaoi a n-inseodh siad faoi seo.

Iarr ar an rang buntáistí na gcur chuige éagsúil molta a phlé.

Críochnaigh an scéal:

An Aoine ina dhiaidh sin, ar theacht abhaile do Rachel bhí Daide ag cur rudaí sa charr. “Cad é atá ag tarlú, a Dhaid?” a d’fhiafraigh Rachel. “Cá bhfuil ár dtrial?”

“Tá rud éigin tar éis teacht aníos i mo chuid oibre. Tá Seán tinn agus caithfidh mé a sheal siúd a dhéanamh dó anocht. Fágfaidh mé thú ag teach Miriam agus Tim,” arsa Daid.

Thit croí Rachel. Níor fhéad sí é a chreidiúint. “Níl mé ag dul ann, seans na ngrást. Dúirt mé leat cheana nach mian liom dul ansin arís. Le do thoil, a Dhaide, ná tabhair orm dul ann,” arsa Rachel agus an gol ag briseadh uirthi.

Baineadh siar as Daide. Ní raibh sé de nós ag Rachel bheith mar seo. “Cad é atá ag dul ar aghaidh, a Rachel?” a d’fhiafraigh Daide. “Gabh isteach. Is mithid dúinn labhairt faoi seo.” Chuir Daide a lámh thart ar Rachel agus thug isteach sa teach í.

Ar dtús, ní raibh a fhios ag Rachel cad é ba chóir di a rá. “Ar tharla rud éigin, a Rachel? An bhfuil rud éigin ag cur as duit?” arsa Daid.

Ansin, de réir a chéile, d’inis Rachel dó faoin gcigilt, na tadhaill, an rúndacht agus nár mhaith léi a hUncail Tim a fheiceáil arís.

D’éist Daide le Rachel gan focal a rá. D’amharc sé uirthi go brónach agus ar seisean, “A Rachel, tá fíorbhrón orm nár éist mé leat an chéad uair nuair a dúirt tú liom nár mhaith leat dul ansin arís. An rud a tharla, níor chóir go dtarlódh sé go deo. Níl an locht ortsa agus déanfaidh mise an scéal a réiteach. Ach ar dtús, glaofaigh mé ar mo chuid oibre agus déarfadh mé leo nach dtig liom seal Sheáin a chumhdach. Ansin, labhróimid a thuilleadh.

Ná coinnigh tadhall faoi rún riamh

Meabhraíonn an múinteoir do na daltaí nach mbíonn sé maith go leor riamh ag duine iarraidh ort rún a dhéanamh de thadhall.

Tá an riail seo i gceist gach áit - sa bhaile, ar scoil, sa linn snámha, ar an mbus. Níor chóir gur ghá rún a dhéanamh riamh de bharróga, póga agus de thadhail eile, fiú má tá aithne mhaith agat ar an duine nó más duine i do theaghlach féin atá i gceist.


Má iarrann duine ort tadhall a choinneáil faoi rún, cuimhnigh nach bhfuil sé sin ceart go leor, nach bhfuil an milleán ortsa agus go gcaithfidh tú a rá le duine éigin faoi.

**Conclúid**

Cuir an phríomhtheachtaireacht i gcuimhne do na daltaí anseo. Má leagann duine éigin, is cuma cé hé nó cé hí, lámh ar bhaill phríobháideacha do choirp, gan cúis mhaith, fiú má deir siad nach bhfuil siad ach ag súgradh nó ag spraoi, caithfidh tú na rialacha sábháilteachta atá againn a úsáid - Abair ‘Stop’, Imigh Leat, agus Inis do Dhuine Fásta é.



BO 12 / NBS - Ná coinnigh tadhall faoi rún riamh: Tugann na daltaí an bhileog oibre abhaile leo chun plé a dhéanamh ar na rialacha faoi thadhall lena dtuismitheoirí/caomhnóirí.



BILEOG OIBRE 10

Rang a 3 agus Rang a 4

Cad faoi seo...

Cad faoi seo...

Ní thaitníonn sé leat nuair a bhaineann d'Aintín Sarah pinse asat ar do leiceann gach uair a thagann sí ar cuairt agus deir sí leat gur tusa an nia is fearr léi ar domhan?

Coinníonn do dheirfiúr níos sine uirthi ag cur dinglis ionat agus ní stopfaidh sí?

Ní thaitníonn sé leat nuair a bhuaileann do bhainisteoir peile boiseog láidir sa droim ort gach uair a fhaigheann tú cú?

Mothaíonn tú míchompordach gach uair a iarrann do mháthair ort a cairde a phógadh nó barróg a thabhairt dóibh agus iad ag imeacht?





Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 11

Rang a 3 agus Rang a 4

Tadhaill

Tadhaill... Is maith liom, ní maith liom, níl mé cinnte

Tadhaill - cuir sa bholgán ceart iad duit féin. Is féidir leat focail eile thadhaill a chur leis.

CROITHEADH

LAIMHE

BARRÓG

CROÍ ISTEACH

CIC

GREIM FIACAILE

PINSE

PÓG

BOSÓG SA DROIM

BUILLE DE DHORN

TOCHAS

GEARRADH

CORAÍOCHT

CUIMILT DROMA

DINGLIS

BOSA IN AIRDE

BUILLE BOISE

BRÚ

GREIM LÁIMHE

Is maith liom...

Ní maith liom...

Not sure...

Labhair le do pháiste faoi thadhaill
a thaitníonn leo agus nach dtaitníonn leo
nó nach bhfuil siad cinnte fúthu

**bí
sábháilte**

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:



Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 12

Rang a 3 agus Rang a 4

Ná coinnigh tadhall faoi rún riamh

*Má leagann duine éigin lámh ar bhaill phríobháideacha do
choirp gan cúis mhaith
fiú má deir siad nach bhfuil siad ach ag spraoi nó ag súgradh
fiú má tá aithne mhaith agat orthu
úsáid na rialacha Bí Sábháilte:*

Abair 'Stop'

Imigh Inis do Dhuine

Éigin É

Agus cuimhnigh leanúint tú den scéal a insint go dtí go bhfaighidh tú cabhair

Inniu ar scoil bhreathnaíomar ar an bhfíseán:

Gníomhairí Rúnda Páistí Tadhall Maith/Drochthadhall

<https://www.youtube.com/watch?v=zJdzC1AqpAo>

Labhair le do leanbh faoin tábhacht a bhaineann leis
na rialacha seo a choinneáil.



Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Topaic 4

Rúin agus Insint

Réasúnaíocht don Topaic

Bíonn daoine a dhéanann mí-úsáid ar pháistí ag brath ar rúin, ar bhagairtí agus ar bhreabanna. Mar sin is é príomhtheachtaireacht na topaice seo nár chóir tadhaill a choimeád faoi rún RIAMH. Foghlaimíonn páistí conas rud a insint, cé dó nó di a n-insíonn siad rud, cén uair is fearr rud a insint agus leanúint dá insint go dtí go n-éisteann duine éigin leo. Tugtar deiseanna chun an teachtaireacht sin a chleachtadh agus a atreisiú.

bí
sábháilte



MAPÁIL LEIS AN GCURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonad:

MISE

Sábháilteacht agus Cosaint: Sábháilteacht Phearsanta

- Daoine, staideanna agus áiteanna a d'fhéadfadh sábháilteacht phearsanta a chur i mbaol a aithint.
- Dul i gceann tuisceana go bhfásann freagracht as sábháilteacht phearsanta de réir mar a fhásann neamhspleáchas, agus go gcaithfidh gach duine straitéis a choinneoidh slán é/i i bhfochair daoine eile a fhorbairt agus cloí leis.

Snáithaonad:

Ag Tabhairt Aire do mo Chorp Bheith eolach ar mo chorp

- Ag Tabhairt Aire do mo Chorp: Bheith eolach ar mo chorp

Naíonáin Bheaga/Mhóra	Rang a 1/2	Rang a 3/4
Ionadh	Bobanna	
Míchompordach	Damnaithe	
Éiginnte	Dúshlán a thabhairt	
Breab	Trí thaisme	
Bagairt	Freagrach	

Topaic 4

Rúin agus Insint

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- An difear idir rúin mhaithe agus drochrúin a fhoghlaim
- Foghlaim nár chóir dóibh riamh rúin a choinneáil faoi thadhaill.

Acmhainní

AM 18: Scéal James

BO 13/NBS: Rúin mhaithe nó Drochrúin

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Táimid ag foghlaim inniu faoi na difríochtaí idir rúin mhaithe agus drochrúin agus nár chóir dúinn riamh drochrúin a choinneáil.

Uaireanta, iarrann duine éigin orainn rún a choinneáil faoi rud éigin. De ghnáth, tarlaíonn sé seo toisc nach mian leo fios a bheith ag duine eile faoi, mar shampla, má thug Mam thú ag siopadóireacht le bronntanas lá breithe a cheannach do Mhamó, b'fhéidir go n-iarrfadh sí ort gan insint do Mhamó faoi óir ba mhaith léi iontas agus áthas a chur uirthi. In amanna, ní insíonn daoine eile duit faoi rud éigin óir ba mhaith leo iontas a chur ort. Is ábhar iontais é mura bhfuil a fhios agat faoi anois ach go n-inseoidh duine éigin duit faoi luath nó mall, mar shampla, bronntanas, cóisir nach raibh tú ag súil léi nó go bhfuil Mam ag dúil le leanbh.

Forbairt

Rúin agus Insint

Cad is rún ann? Is é is rún ann nuair a iarrann duine orainn a ghealladh gan rud a insint d'aon duine eile. Is minic a deirtear linn nach féidir linn rún a insint do dhuine eile RIAMH.


Labhraíomar cheana faoin mbealach nár chóir d'aon duine riamh iarraidh ort tadhall a choinneáil faoi rún. Ba dhrochrún é rún a choinneáil faoi thadhall.

Cuimhnigh, má bhíonn imní nó eagla ort faoi rud éigin, ná coinneigh faoi rún é. Inis i gcónaí do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as/aisti.

Iarr ar na daltaí rudaí eile a lua nár chóir dúinn rún a choinneáil fúthu. Meabhraigh dóibh na topaicí eile a chumhdaigh siad sa Chlár Bí Sábháilte - nuair a labhraíomar faoi gan mothú sábháilte agus faoi bhulaíocht agus faoi gan rún a choinneáil fúthu sin ach an oiread.

An cuimhin leat cén fáth? Mar ní imeoidh an fhadhb go dtí go n-inseoidimid do dhuine fásta.

AM 18 - Scéal James: Seinn nó léigh an scéal. Iarr ar na daltaí smaoineamh ar an gcaoi a motháíonn Séamas agus muid ag dul síos tríd an scéal. D'fhéadfadh sé gur smaoineamh maith é na focail 'Mothúcháin' ó na ceachtanna 'Mothú Sábháilte agus Neamhsábháilte' a bheith ar taispeáint ionas gur féidir le daltaí iad a fheiceáil de réir mar a insítear an scéal.



Bhí James ag smaoineamh siar go dtí níos luaithe tráthnóna nuair a dúirt Mam, “Ba chóir dom glaoch ar Carol roimh 7.30 agus a chur i gcuimhne di go bhfuil sí le haire a thabhairt duit anocht nuair a bheidh mé féin agus Daid ar chóisir Uncail Seán.”

Bhí James an-sásta go deo go raibh Carol le teacht ar ball. Bhíodh an-chraic i gcónaí aige léi. Ba ghnách leo cluichí a imirt, breathnú ar an teilifís, suipéar a ithe agus chuireadh sí a luí é i ndiaidh scéal a insint dó.

Ach ní raibh an oíche anocht mar sin. I ndiaidh do Mham agus Daid imeacht, buaileadh cnag ar an doras agus dúirt Carol go raibh cara léi ag teacht le cuidiú léi. Marcas an t-ainm a bhí ar an chara agus bhí roinnt físchluichí leis. Bhí sé go han-mhaith ag na cluichí agus shíl James gur lig Marcas dó buachan cúpla uair nuair a d’imir siad.

Bhí James ag smaoineamh ar cad é a déarfadh Mam agus Daid faoi na cluichí - bhí sé ag meas nach mbeadh siad sásta faoi na cluichí a thug Marcas leis óir bhí siad thar a bheith cúramach faoi na haoiseanna molta ar na cluichí. Do dhaoine os cionn 18 mbliana a bhí na cluichí seo go léir. Ach bhain sé an-sult as bheith ag imirt in éineacht le Marcas. Lena chois sin, lig Carol dó fanacht ina shuí leathuair bhreise le himirt in éineacht le Marcas.

Ach nuair a tháinig Carol anuas chun é a shoiptiú sa leaba, dúirt sí leis gan dada a rá le Mam ná le Daid faoi Mharcas a bheith ansin. Dá ndéarfadh sé aon rud, arsa Carol, déarfadh sise lena thuismitheoirí go raibh sé ag imirt cluichí do dhaoine thar 18 mbliana. Dá gcoinneodh sé an rún, arsa Carol, dhéanfaidh sí cinnte go dtabharfaidh Marcas an cluiche is déanaí agus rudaí deasa eile leis an chéad uair eile.

Ní raibh a fhios ag James cad é ba chóir dó a dhéanamh.

Pointí Plé:

- Iarr ar na daltaí cuid de na mothúcháin a bhí ag James a ainmniú. Cad chuige ar mhothaigh sé mar seo?
- Cad chuige nár mhaith le Carol go ndéarfadh James aon cheo le Mam agus Daid?
- Dá gcuirfeadh James ceist ort faoi cad ba chóir dó a dhéanamh, cad é a déarfá?
- Cé leis ar chóir dó James labhairt agus cad é ba chóir dó a rá?
- Cad chuige a n-iarrfadh duine ar bith orainn rún a choinneáil faoi rudaí mar seo?

Ba chóir aird a dhíriú ar an tábhacht atá le hinsint do dhuine éigin. Cuir i gcuimhne do na daltaí nár chóir dúinn rún a choinneáil riamh faoi rud ar bith a chuireann isteach orainn nó imní orainn.

Chomh maith leis sin, níor chóir dúinn rún a choinneáil faoi chluichí a imrímid nó a iarrann daoine eile orainn a imirt ná rún a choinneáil faoi bhronntanais a thugann daoine dúinn.

Bileog oibre 13/NBS - Rúin Mhaithe nó Drochrún: Oibríonn na daltaí i mbeirteanna nó ina ngrúpaí tríúir agus socraíonn siad cé acu rún mhairthe nó drochrún na cásanna a bhfuil cur síos orthu sa bhileog oibre.



Ansin, tabhair an rang le chéile arís lena dtorthaí a phlé. D'fhéadfaí gach cás a thaispeáint ar chlár bán agus na daltaí na cruachásanna féideartha a bhaineann le hinsint do dhuine éigin a phlé.

Conclúid

Níor chóir dúinn rún a choinneáil riamh faoi rud éigin a chuireann imní nó eagla orainn nó a chuireann isteach orainn. Inis i gcónaí do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as/aisti.

Cuir an Cúigear Iontaofa i gcuimhne do na daltaí - na daoine fásta ar féidir leo labhairt leo má bhíonn fadhb acu agus is gá dóibh labhairt le duine éigin faoi.

Bileog oibre 13/NBS - Rúin Mhaithe nó Drochrúin: Tugann na daltaí an bhileog oibre abhaile leo chun an t-ábhar a phlé le tuismitheoir/caomhnóir.

Obair Fairsingithe

Scríobh scéal gearr faoi rún maith agus maisigh le pictiúir é.



Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 13

Rang a 3 agus Rang a 4

Rún maith nó Drochrún

Rúin? Cad a **SHÍLEANN** tú?

Go maith

Go dona

Níl Mé
Cinnte

Dúirt d'Aintín leat gan a insint do dhuine ar bith go bhfuil sí ag eagrú cóisir 18ú lá breithe do chol ceathair.

Insíonn cara de do chuid duit go mbíonn a deartháir á bualadh agus tugann sí ort a ghealladh nach n-inseoidh tú d'aon duine eile.

Dúirt do Mham leat gan insint do do dheartháir faoin mbronntanas speisialta a chuidigh tú léi a roghnú dá lá breithe.

Lig an feighlí leanaí duit fanacht i do shuí go mall le breathnú ar an gclár is fearr leat fad is gur gheall tú gan insint do do thuismitheoirí gur tháinig a cairde ar cuairt agus í ag tabhairt aire duit.

Bhí tú féin agus do chairde ar an bhfoireann cispheile ag sábháil airgead póca go rúnda le bronntanas a cheannach don chóitseálaí ag deireadh an tséasúir.

Thug d'uncail bronntanas duit agus chuir sé iallach ort gan aon rud a rá le haon duine eile.

Leag deirfiúr mhór cara leat a lámh ar bhall príobháideach de do chorp agus deir sí leat go mbeidh tú i dtrioblóid mhór má insíonn tú do dhuine ar bith faoi.

Cé go bhfuil a fhios agat nach bhfuil cead agat rún a choinneáil ó do thuismitheoirí ní mian leat fios a bheith acu cén bronntanas Nollag atá tú ag dul a thabhairt dóibh.

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Labhair le do pháiste faoi cén fáth nár chóir dóibh drochrún a choinneáil agus cén fáth a bhfuil sé tábhachtach insint do dhuine fásta.



Topaic 5

Strainséirí

Réasúnaíocht don Topaic

De réir mar a éiríonn leanaí níos sine agus iad níos neamhspleáiche, bíonn siad ag idirghníomhú le líon níos mó daoine ó lá go lá. Beidh aithne acu ar roinnt de na daoine agus is strainséirí a bheidh i gcuid eile díobh.

Sa topaic seo, pléann páistí an sainmhíniú ar strainséir agus cuirtear i láthair go soiléir na rialacha a bhaineann le déileáil go hiomchuí le strainséirí agus déantar iad a chleachtadh i dtimpeallacht shábháilte an tseomra ranga.

Bíonn leanaí ag idirghníomhú ar líne go rialta le daoine nach bhfuil aithne acu orthu agus dá bhrí sin tugtar aghaidh ar straitéisí chun déileáil go hiomchuí le daoine sa domhan fíorúil.

bí
sábháilte



MAPÁIL LEIS AN CURACLAM OSPA

SNÁITHE:

Snáithaonad:

MISE

Sábháilteacht agus Cosaint: Sábháilteacht Phearsanta

- Daoine, staideanna agus áiteanna a d'fhéadfadh sábháilteacht phearsanta a chur i mbaol a aithint.
- Dul i gceann tuisceana go bhfásann freagracht as sábháilteacht phearsanta de réir mar a fhasann neamhspleáchas, agus go gcaithfidh gach duine straitéis a choinneoidh slán é/i i bhfochair daoine eile a fhorbairt agus cloí leis.

Snáithaonad:

Ag Déanamh Cinntí

- Fiosraigh agus pléigh na tosca a théann i gcion ar chinntí agus ar roghanna pearsanta mar aon leis na leibhéil dhifriúla smaoinimh a bhíonn i gceist i ndéanamh cinntí.
- Na rioscaí agus na torthaí a bhaineann le cinneadh áirithe a aithint agus a iniúchadh

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE AGUS AN DOMHAN MÓR

Oideachas na meán cumarsáide

- Iniúchadh a dhéanamh, agus tuiscint a fháil, ar an gcaoi a scaiptear faisnéis agus cleachtadh a dhéanamh ar theachtaireachtaí a chur in iúl trí mhodhanna éagsúla

Stór Focal

Naíonáin Bheaga/Mhóra	Rang a 1/2	Rang a 3/4
Strainséir Rialacha 'Stop' a Rá, Imeacht, Insint	Tráchtanna Iompar Rogha Treoracha Gránna	Maor

Topaic 5

Strainséirí

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Strainséirí a aithint agus labhairt fúthu
- Déileáil go hiomchuí le strainséirí
- Foghlaim faoi na rialacha agus na rialúcháin ar aidhm dóibh iad a choinneáil sábháilte
- Scileanna sábháilteachta a fhorbairt is gá chun iad féin a chosaint i gcásanna féinchúraim.

Acmhainní

AM 19: Aimsigh an strainséir

AM 20: Scéal Chiara

BO 14: Cad a dhéanfá?

BO 15/NBS: Rialacha maidir le strainséirí

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: *Inniu táimid chun labhairt faoi chúrsaí sábháilteachta agus sinn i measc strainséirí*

Tosaigh trína fhiafraí de na páistí cén chiall atá leis an bhfocal ‘strainséir’. Liostaigh freagraí ar an CBI agus ansin, iarr ar na páistí Dúshlán Foclóra a dhéanamh. Éist go cúramach lena bhfreagraí óir léireoidh siad a smaointe, tuairimí agus ábhair imní.

Forbairt

AM19 - Aimsigh an Strainséir: Taispeáin an sleamhnán de scata daoine agus iarr ar na páistí na strainséirí i measc an scata a aimsiú. Cén fáth ar strainséirí iad? Cén fáth nach ea?

Cuir béim ar na pointí seo a leanas:

- Is ionann strainséir agus aon duine nach bhfuil aithne agat air nó uirthi
- Is féidir le fear nó bean, duine fásta, déagóir nó leanbh a bheith i gceist le strainséir
- Is daoine deasa iad formhór na strainséirí ach ní féidir linn a rá díreach ó fhéachaint ar dhuine an duine deas é nó í nó ar féidir linn muinín a bheith againn as nó aisti.

Strainséirí ar líne

Cén áit eile a bhféadfaimis bualadh le strainséir? Féadaimid bualadh le strainséirí ar líne. Iarr ar dhaltá a thabhairt le fios cén dóigh a mbuailimid le strainséirí ar líne (is dócha gur trí imirt cluichí an modh is coitianta ag daltaí den aois seo). Cuir i gcuimhne do na daltaí an físeán cibearbhulaíochta ó na ceachtanna ar bhulaíocht agus chomh héasca atá sé lígean ort féin gur duine eile tú ar líne.

Cuimhnigh, is strainséir é aon duine nach bhfuil aithne agat air/uirthi - fiú má deir siad leat go bhfuil aithne acu ort, fiú má tá d’ainm ar eolas acu.



Nasc go www.webwise.ie/sphe le haghaidh ceachtanna breise ar shábháilteacht idirlín don aoisghrúpa seo.

Rialacha Sábháilteachta

Tá rialacha agus roghanna ann a chuidíonn leat bheith sábháilte. An cuimhin leat na rialacha le bheith sábháilte i measc strainséirí?

- Ná téigh go deo in aon áit le strainséir
- Ná glac go deo le haon rud ó strainséir (ach amháin go bhfuil cead agat ón duine fásta atá i mbun)

AM 20 - Scéal Chiara: Seinn nó léigh an scéal agus pléigh é leis an rang.

Bhí Ciara sásta go raibh cead aici anois siúl chuig an siopa léi féin le milseáin a cheannach. Nuair a bhí sí sa siopa inniu, bhí fear nach raibh aithne aici air ina sheasamh in aice léi taobh leis na milseáin. “Dia duit,” ar seisean. “Nach deacair rogha a dhéanamh?”



Ar sise, “Is deacair,” agus bhog i leataobh óir ní raibh sí ag iarraidh labhairt leis. Nuair a d’íoc sí as na milseáin, d’fhág sí an siopa agus thug sí faoi deara go raibh an fear páirceáilte thíos an bóthar in aice leis an teach s’aici. Bhí sí ag dul thairis nuair a tharraing sé an fhuinneog anuas agus d’iarr sé eolas an bhealaigh chuig an meánscoil. Bhí mapa bóthair aige agus choinnigh sé in airde é beagán ionann is gur mhian leis go n-amharcfadh sí go cúramach air. Níor mhothaigh Ciara sábháilte agus chas sí thart agus chuaigh isteach i siopa búistéara a bhí in aice láimhe. D’iarr sí cead an guthán a úsáid le glaoch ar a Daid. Agus í ag caint lena Daid, chonaic sí an carr ag imeacht. Tamaillín ina dhiaidh sin, tháinig a Daid agus d’inis sí dó an méid a tharla.

Pointí Plé:

- An drochduine é an fear seo? Tá sé tábhachtach go dtuigeann daltaí go mb’fhéidir nach drochduine é, ach gur strainséir é i súile Chiara.
- An dóigh leat go ndearna Ciara an rogha cheart? Cén fáth?
- An raibh an ceart aici dul isteach sa siopa cé nach raibh aithne aici ar aon duine ann?
- An molfá do Chiara rud ar bith eile a dhéanamh?

Tá bunús gach duine, cé go mb’fhéidir gur strainséirí iad, go maith agus go cuidiúil. Uaireanta, caithfimid cuidiú a fháil ó strainséirí agus caithfimid bheith in ann strainséirí a aithint a bhféadfaimis cabhair a iarraidh orthu mura motháimid sábháilte.

Ag déileáil le strainséirí

Roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí Smaoinigh agus Roinn seo a leanas:

GNÍOMHAÍOCHT 1 - Strainséirí a d’fhéadfadh cabhrú linn: Cuireann an múinteoir an cheist seo a leanas ar an rang, “Dá mbeifeá ar chluiche nó ceolchoirm agus dá rachfá ar strae ó do chairde, cé air a n-iarrfá cabhair?”

Bíodh na páistí ina mbeirteanna le smaoineamh air seo agus glac aiseolas ón rang.

Ainmneoidh páistí daoine éagsúla, mar shampla, Gardaí, lucht slándála, cúntóirí siopa nó maoir. Is strainséirí iad seo uile, ach cén chomhchosúlacht atá eatarthu? (Éide, suaitheantas ainm, srl.)



Fiafraigh de na daltaí cén áit shábháilte a bhféadfaí dul dá mbeadh siad ar seachrán nó scanraithe nó faoi bhagairt.

Gníomhaíocht 2 - BO 14: Strainséirí - Cad a dhéanfa? Tá cásanna éagsúla sa bhileog oibre seo a bhaineann le strainséirí.

Roinn an rang ina ngrúpaí de 3 nó 4. Tabhair ceann amháin de na cásanna ón mbileog oibre do gach grúpa - féadann tú na cásanna is oiriúnaí do do rang féin a roghnú.

Caithfidh gach grúpa smaoineamh ar an gcás agus an méid a dhéanfaid siad chun iad féin a choinneáil sábháilte a phlé. Ansin, déanann daltaí rólímirt ar a bhfreagairt don chás.

D'fhéadfadh sé gur smaoineamh maith é an cás céanna a thabhairt do chuid de na grúpaí ionas gur féidir freagairtí a chur i gcomparáid nuair a thugann na grúpaí aiseolas don rang.

Pléigh leis an rang iomlán na cásanna agus na freagairtí.

Conclúid

Cuimhnigh ar na rialacha sábháilteachta faoi strainséirí:

- Ná téigh áit ar bith le duine nach bhfuil aithne agat air/uirthi.
- Ná tóg rud ar bith ó dhuine nach bhfuil aithne agat air/uirthi.


Cuimhnigh nuair a bhíonn tú ar líne:

- Ná cuir suas faisnéis phearsanta, mar shampla, ainm, seoladh ná aon sonraí pearsanta eile, ar líne
- Cuimhnigh nach féidir aon ghrianghraif ná íomhánna a chuireann tú ar líne a bhaint go hiomlán go deo
- Ná creid go bhfuil gach duine a mbuaileann tú leo ar líne ag insint na fírinne faoi cé hiad féin
- Inis i gcónaí do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as/aisti má tá imní ort faoi rud éigin a fheiceann tú ar líne
- Ná tabhair freagra riamh ar theachtaireachtaí a chuireann trína chéile thú nó a scanraíonn thú – sábháil iad, taispeáin do dhuine fásta iad agus iarr orthu tuairisc a thabhairt faoi
- Má fhaigheann tú teachtaireachtaí nó grianghraif/pictiúir ghránna ar téacs nó ar líne, ná féach orthu arís agus arís eile toisc go bhféadfá a bheith an-trína chéile acu. Blocáil an té a sheol iad ionas nach mbeidh rochtain acu ar do ghrianghraif nó ar d'fhaisnéis phearsanta agus inis do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as/aisti.



BO 15/ NBS: Tugann daltaí bileog oibre abhaile leis na rialacha a d'fhoghlaim siad faoi strainséirí a phlé le tuismitheoir/caomhnóir.

Obair leantach: D'fhéadfaí an rólímirt ó Gníomhaíocht 2 a dhéanamh mar chuid de cheacht leantach Drámaíochta.



BILEOG OIBRE 14

Rang a 3 agus Rang a 4


Strainséirí

Cad a dhéanfá?

1. Tá tú ag fanacht le do dhaid tú a bhailiú taobh amuigh den scoil. Deir duine fásta nach bhfuil aithne agat uirthi gur iarradh uirthi tú a bhailiú. Is cosúil gur bean dheas í. ***Cad a dhéanfá?***
2. Tá tú in ionad siopadóireachta le do thuismitheoirí. Iarrann tú cead dul chuig an siopa spóirt. Tugann do thuismitheoirí cead duit. Agus tú ag breathnú ar bhróga reatha, tagann duine éigin a fhad leat agus iarrann ort roinnt boscaí a iompar isteach. Deir sé go dtabharfaidh sé €5 duit as cabhrú leis. ***Cad a dhéanfá?***
3. Duine den dream a imríonn cluichí leat ar líne, molann sé go mbuailfidh an bheirt agaibh le chéile Dé Sathairn agus dul chuig siopa na gcluichí. ***Cad a dhéanfá?***
4. Téann tú ar strae ag cluiche peile. Tá slua mór ann agus ní féidir leat d'uncaíl a fheiceáil in aon áit. ***Cad a dhéanfá?***
5. Tá tú sa pháirc agus iarrann strainséir ort cabhrú léi teacht ar a madra. Chonaic tú í lena madra níos luaithe. Ba mhaith leat cabhrú léi. ***Cad a dhéanfá?***
6. Tá sé ag cur báistí agus tá tú ag siúl abhaile. Tarraingíonn fear suas le do thaobh agus tá d'ainm ar eolas aige agus deir sé go bhfuil sé ina chónaí cúpla slat síos an bóthar uait agus gur féidir leis síob a thabhairt duit chuig do theach. Chonaic tú é ag tiomáint ar an mbóthar seo roinnt uaireanta roimhe. ***Cad a dhéanfá?***
7. Tá tú taobh amuigh de do theach nuair a iarrann strainséir eolas an bhealaigh ort. ***Cad a dhéanfá?***

Labhair le do pháiste maidir le cad a d'fhéadfaidís a dhéanamh i gcásanna mar seo. Cuir béim ar:

- Ná téigh go deo in aon áit le strainséir
- Ná glac go deo le haon rud ó strainséir





Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 15

Rang a 3 agus Rang a 4

Ár Rialacha maidir Le Strainséirí

Ná téigh GO DEO in aon áit le strainséir
Ná glac GO DEO le haon rud ó strainséir

RIALACHA nuair a bhím AR LÍNE

- **NÁ CUIR SUAS FAISNÉIS PHEARSANTA**, mar shampla, ainm iomlán ná seoladh. Cuimhnigh nach féidir aon ghrianghraif ná íomhánna a chuireann tú ar líne a bhaint go hiomlán go deo
- **NÁ CREID GO BHFUIL GACH DUINE A MBUAILEANN TÚ LEO** ar líne ag insint na fírinne faoi cé hiad féin
- **INIS I GCÓNAÍ DO DHUINE FÁSTA A BHFUIL MUINÍN AGAT AS** má tá imní ort faoi rud éigin a fheiceann tú ar líne
- **NÁ TABHAIR FREAGRA RIAMH** ar theachtaireachtaí a chuireann trína chéile thú nó a scanraíonn thú – sábháil iad, taispeáin do dhuine fásta iad agus iarr orthu tuairisc a thabhairt faoi
- **Má fhaigheann tú TEACHTAIREACHTAÍ nó GRIANGHRAIF/ PICTIÚIR GHRÁNNA ar THÉACS NÓ AR LÍNE**
 - **NÁ FÉACH ORTHU** arís agus arís eile toisc go bhféadfá a bheith an-trína chéile acu.
 - **BLOCÁIL AN TÉ** a sheol iad ionas nach mbeidh rochtain acu ar do ghrianghraif nó ar d'fhaisnéis phearsanta agus
 - **AGUS INIS DO DHUINE FÁSTA A BHFUIL MUINÍN AGAT AS NÓ AISTI**

Pléigh sábháilteacht ar líne le do leanbh.



Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Tá an acmhainn seo ar fáil le híoslódáil ag:

www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm

www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna